Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14776/16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0364 (COD)**

**EF 352**
**ECOFIN 1097**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 854 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/36/AE maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 854 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2016) 854 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2016
COM(2016) 854 final

2016/0364 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Treoir 2013/36/AE maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2016) 377}
{SWD(2016) 378}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí an togra

An leasú atá sé beartaithe a dhéanamh ar Threoir (AE) 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD), is cuid de phacáiste reachtaíochta é lena n-áirítear freisin leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR), ar Threoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB), agus ar Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (an Rialachán maidir le Sásra Réitigh Aonair nó SRMR).

Le blianta beaga anuas tá athchóiriú suntasach curtha chun feidhme ag an Aontas Eorpach ar chreat rialála na seirbhísí airgeadais d'fhonn feabhas a chur ar athléimneacht na n-institiúidí (i.e. institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta) atá ag feidhmiú in earnáil airgeadais an Aontais, athchóiriú atá bunaithe den chuid is mó ar chaighdeáin dhomhanda a comhaontaíodh le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais. Go háirithe, áiríodh sa phacáiste athchóiriúcháin Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRR) agus Treoir 2013/36/AE (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil nó CRD) maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí agus maidir le maoirseacht a dhéanamh orthu, Treoir 2014/59/AE (an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc nó TTRB), maidir le téarnamh agus réiteach institiúidí agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 maidir leis an Sásra Réitigh Aonair (SRM).

Rinneadh na bearta sin mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais a thosaigh in 2007-2008 agus léiríonn siad caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Cé go bhfuil an córas airgeadais níos cobhsaí agus níos athléimní in aghaidh go leor cineálacha suaite agus géarchéime a d'fhéadfadh bheith ann sa todhchaí a bhuí leis na hathchóirithe, ní théann na hathchóirithe sin i ngleic go cuimsitheach go fóill leis na fadhbanna sainaitheanta ar fad. Is é is aidhm do na tograí seo, dá bhrí sin, an clár oibre don athchóiriú a chur i gcrích trí dhul i ngleic leis na laigí atá fós ann agus trí ghnéithe neamhréitithe den athchóiriú atá ríthábhachtach chun athléimneacht na n-institiúidí a áirithiú a chur chun feidhme ach ar le déanaí a chuir ceannródaithe caighdeán domhanda (i.e. Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) agus an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB)) bailchríoch orthu.

- cóimheas giarála ceangailteach lena gcuirfear cosc ar institiúidí an ghiaráil a mhéadú go hiomarcach, e.g. chun brabúsacht íseal a chúiteamh;
- cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (NSFR) ceangailteach a chuirfidh le próifíl mhaoiniúcháin fheabhsaithe na n-institiúidí agus a bhunóidh caighdeán comhchuibhithe maidir leis an méid foinsí maoiniúcháin cobhsaí fadtéarmacha is gá le teacht slán ó thréimhsí ina bhfuil strus sa mhargadh agus deacrachtaí cistiúcháin ann.
- níos mó ceanglas cistí dílse (i.e. caipiteal) riosca-íogair d'institiúidí a bhíonn ag trádáil go mór in urrúis agus i ndíorthaigh, rud a chuirfidh cosc ar an iomarca dibhéirseachta maidir leis na ceanglais sin nach bhfuil bunaithe ar phróifíl riosca na n-institiúidí;

- an meall is mó ar deireadh, caighdeáin nua maidir le cumas iomlán ionsúcháin caillteanas (TLAC) na n-institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIIanna), rud a cheanglóidh ar na hinstitiúidí sin acmhainn ionsúcháin caillteanas agus acmhainn athchaipitlithe níos mó a bheith acu, aghaidh a thabhairt ar idirnaisc sna margaí airgeadais domhanda agus treisiú athuair le cumas an Aontais Eorpaigh réiteach a fháil do G-SIIanna a bhfuil ag teip orthu agus rioscaí do cháiníocóirí a íoslaghdú ag an am céanna.

D'aithin an Coimisiún sa Teachtaireacht uaidh an 24 Samhain 2015 go bhfuil gá le rioscaí a laghdú a thuilleadh agus thug sé gealltanas togra reachtach a thabhairt chun cinn ina ndéantar forbairt ar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá luaite thuas. Ní amháin go neartóidh na bearta laghdúcháin riosca sin athléimneacht an chórais baincéireachta Eorpaigh agus muinín na margaí as, ach beidh siad ina mbonn le tuilleadh dul chun cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta a thabhairt chun críche. Aithníodh freisin sna Conclúidí ón gComhairle (ECOFIN) an 17 Meitheamh 2016 an gá atá le bearta nithiúla reachtacha a ghlacadh maidir le rioscaí san earnáil airgeadais a laghdú. Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2016 ar an Aontas Baincéireachta – Tuarascáil Bhliantúil 2015, cuirtear in iúl freisin réimsí áirithe sa chreat rialála atá ann faoi láthair a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu an athuair.

Ag an am céanna, ba ghá don Choimisiún aird a thabhairt ar an gcreat rialála atá ann faoi láthair agus ar na forbairtí rialála nua ar an leibhéal idirnáisiúnta agus freagairt a thabhairt ar na dúshláin a bhfuil tionchar acu ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh, go háirithe an gá atá ann le fás agus poist a chur chun cinn tráth a bhfuil an t-ionchas eacnamaíochta neamhchinnte. Seoladh mórthionscnaimh bheartais éagsúla, amhail an Plean Infheistíochta don Eoraip (CEIS) agus Aontas na Margaí Caipitil d'fhonn geilleagar an Aontais a neartú. Is gá cur le cumas na n-institiúidí an geilleagar a mhaoiniú gan cur isteach ar chobhsaíocht an chreata rialála. D'fhonn a áirithiú go rachaidh na hathchóirithe a rinneadh le déanaí san earnáil airgeadais i bhfeidhm go rianúil ar a chéile agus ar na tionscnaimh bheartais nua, agus ar athchóirithe níos leithne san earnáil airgeadais a rinneadh le déanaí, rinne an Coimisiún measúnú iomlánaíoch críochnúil ar bhonn glao ar fhianaise ar an gcreat le haghaidh seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear CRR, CRD, TTRB agus SRMR). Rinneadh measúnú freisin ó thaobh tionchar eacnamaíoch níos leithne de ar an athbhreithniú ar chaighdeáin dhomhanda atá le teacht.

Is é atá i gceist le leasuithe arna mbunú ar fhorbairtí idirnáisiúnta cur chun feidhme dílis na gcaighdeán idirnáisiúnta i ndlí an Aontais, faoi réir coigeartuithe spriocdhírithe chun sainiúlachtaí agus saincheisteanna beartais níos leithne de chuid an Aontais a léiriú. Cuir i gcás, spreagann spleáchas fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an Aontais Eorpaigh ar mhaoiniú banc nó spleáchas ar thionscadail bonneagair, spreagann sé coigeartuithe rialála sonracha lena n-áirithítear go mbeidh institiúidí in ann iad a chistiú ós rud é gurb iad cnámh droma an mhargaidh aonair iad. Tá gá freisin le hidirghníomhú rianúil leis na ceanglais atá ann cheana, mar shampla imréiteach lárnach agus soláthar urrúis chomhthaobhaigh lárnach ar neamhchosaintí díorthach, nó athrú go cuid de na ceanglais nua de réir a chéile. Ní chuireann na coigeartuithe sin, atá teoranta ó thaobh raon feidhme agus ama de, isteach ar fhóntacht fhoriomlán na dtograí, atá ag teacht le bunleibhéal uaillmhéine na gcaighdeán domhanda.

Ina theannta sin, is é is aidhm do na tograí, bunaithe ar an nglao ar fhianaise, na rialacha atá ann faoi láthair a fheabhsú. Léirigh an anailís a rinne an Coimisiún gur féidir an creat atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm ar bhealach níos comhréirí, ag cur san áireamh go háirithe staid na n-institiúidí nach bhfuil chomh mór ná chomh casta sin, nuair nach bhfuil údar maith ó

thaobh dálaí stuamachta de, is cosúil, le cuid de na ceanglais sna hinstitiúidí sin maidir le nochtadh agus tuairisciú agus le cuid dá gceanglais chasta maidir le leabhar trádála. Ina theannta sin, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an riosca a bhaineann le hiasachtaí do FBManna agus le tionscadail bonneagair a chistiú agus chinn sé go mbeadh údar ann le ceanglais cistí dílse níos ísle a chur i bhfeidhm i gcás cuid de na hiasachtaí sin ná mar a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair. Dá réir sin, déanfaidh na tograí seo na ceanglais sin a cheartú agus feabhsóidh siad comhréireacht an chreata stuamachta d'institiúidí. Ar an gcaoi sin, cuirfear le cumas na n-institiúidí an geilleagar a mhaoiniú gan cur isteach ar chobhsaíocht an chreata rialála.

Ar deireadh, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis an Sainghrúpa maidir le hÍocaíochtaí Baincéireachta agus Árachas, ar chur i bhfeidhm na roghanna agus na ndiscréidí a leagtar amach in CRD agus in CRR. Bunaithe ar an anailís sin, beartaítear leis an togra reatha fáil réidh le cuid de na roghanna agus na discréidí a bhaineann leis na forálacha ar an gcóimheas giarála, ar neamhchosaintí móra agus ar chistí dílse. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an bhféidearthacht sócmhainní cánach iarchurtha Stát-urraithe nua a chruthú nach mbeadh ag brath ar bhrabúsacht todhchaí, a bheadh díolmhaithe ó asbhaint ó chaipiteal rialála.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann anois sa réimse beartais**

Freagraíonn roinnt gnéithe de thograí CRD agus CRR d'athbhreithnithe bunúsacha, agus ag an am céanna tá gá le hoiriúnuithe eile ar an gcreat rialála airgeadais i bhfianaise forbairtí ina dhiaidh sin, mar shampla glacadh TTRB, bunú an tSásra Maoirseachta Aonair agus an obair a rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Leis an togra tugtar isteach leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana agus fágtar go bhfuil sí go hiomlán comhsheasmhach le forálacha beartais atá ann cheana i réimse na gceanglas stuamachta d'institiúidí, dá maoirseacht agus dá gcreat maidir le téarnamh agus le réiteach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ceithre bliana i ndiaidh do Cheannairí Stáit agus do Rialtais na mBallstát teacht ar chomhaontú maidir le hAontas Baincéireachta a chruthú, tá dhá cholún den Aontas Baincéireachta i bhfeidhm – maoirseacht aonair agus réiteach aonair – agus an leabhar rialacha aonair d'institiúidí uile an Aontais Eorpaigh ina bhunchloch leo. Cé go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach, tá gá le céimeanna breise chun an tAontas Baincéireachta a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear bunú scéim amháin ráthaíochta taiscí.

An t-athbhreithniú ar CRR agus CRD, is cuid de bhearta laghdúcháin riosca é atá ag teastáil le hathléimneacht na hearnála baincéireachta a neartú a thuilleadh agus atá i gcomhthreo le Scéim Eorpach Árachais Taiscí (SÉAT) a thabhairt isteach céim ar chéim. Ag an am céanna, is é is aidhm don athbhreithniú a áirithiú gurb ann do leabhar rialacha aonair leanúnach d'institiúidí uile an Aontais Eorpaigh, bídís san Aontas Baincéireachta nó ná bídís. Tá cuspóirí foriomlána an tionscnaimh seo, mar a thuairiscítear thuas, comhsheasmhach agus comhleanúnach le bunchuspóirí an Aontais Eorpaigh, is iad sin cobhsaíocht airgeadais a chur chun cinn, dóchúlacht agus méid na tacaíochta ó cháiníocóirí i gcás ina réitítear institiúid chomh maith le rannchuidiú le maoiniú comhchuí inbhuanaithe na gníomhaíochta eacnamaíche, rud a chothóidh leibhéal ard iomaíochais agus cosanta tomhaltóirí.

Ina theannta sin, tá na cuspóirí foriomlána sin ag teacht leis na cuspóirí a leagadh síos i dtionscnaimh mhóra eile de chuid an Aontais, mar a thuairiscítear thuas.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Na leasuithe atá sé beartaithe a dhéanamh, tá siad bunaithe ar an mbunús dlí céanna agus atá ag na gníomhartha reachtacha atá á leasú, i.e. Airteagal 114 CFAE don togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear CRR agus Airteagal 53(1) CFAE don togra le haghaidh Treoir lena leasaítear CRD IV.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go bhfuil cuspóirí na mbeart atá molta dírithe ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá ann cheana a fhorlíonadh, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla. Na bearta náisiúnta sin a bhfuil sé d'aidhm acu, mar shampla, giaráil institiúidí a laghdú, agus ceanglais na n-institiúidí maidir le cistiú cobhsaí nó a leabhar trádála a neartú, ní bheadh na bearta sin chomh héifeachtach le rialacha ón Aontas Eorpach chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, nuair a chuirtear san áireamh an tsaoirse atá ag institiúidí seirbhísí a bhunú agus a sholáthar i mBallstáit eile agus an soláthar seirbhíse trasteorann, na sreabha caipitil agus comhtháthú an mhargaidh a bheidh mar thoradh air. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh bearta náisiúnta an iomaíocht a shaobhadh agus d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do shreabha caipitil. Ina theannta sin, b'fhéidir agóid dhlíthiúil a bheith ann de thoradh bearta náisiúnta a ghlacadh, ós rud é go rialaíonn CRR cúrsaí baincéireachta cheana, lena n-áirítear ceanglais giarála (tuairisciú), leachtacht (go sonrach an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht nó LCR) agus ceanglais maidir leis an leabhar trádála.

Meastar mar sin gurb é an rogha is fearr leasú a dhéanamh ar CRR agus ar CRD. Leis sin bheadh an chothromaíocht cheart ann idir rialacha a chomhchuibhiú agus solúbthacht náisiúnta a choimeád de réir mar atá riachtanach, gan cur isteach ar an leabhar rialacha aonair. De thoradh na leasuithe sin dhéanfaí cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas stuamachta agus cóineasú na gcleachtas maoirseachta a chur chun cinn a thuilleadh, agus dhéanfaí cothrom iomaíochta do sheirbhísí baincéireachta a áirithiú ar fud an mhargaidh aonair. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach, go leordhóthanach, ar a gconlán féin. Tá tábhacht ar leith leis sin san earnáil bhaincéireachta, áit a mbíonn go leor institiúidí creidmheasa ag feidhmiú ar fud mhargadh aonair an Aontais Eorpaigh. An comhar iomlán agus an mhuinín iomlán laistigh den sásra maoirseachta aonair (SSM) agus laistigh de choláistí na maoirseoirí agus d'údaráis inniúla lasmuigh den SSM, tá siad fíor-riachtanach chun maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa ar bhonn comhdhlúite. Ní bhainfí amach na cuspóirí sin le rialacha náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Bhí an chomhréireacht ina dlúthchuid den mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra. Ní amháin go ndearnadh na roghanna go léir a moladh i réimsí rialála éagsúla a mheasúnú ar bhonn aonair i gcomparáid le cuspóir na comhréireachta, ach freisin cuireadh easpa comhréireachta na rialacha atá ann cheana i láthair mar fhadhb faoi leith agus rinneadh anailís ar roghanna sonracha d'fhonn costais riaracháin agus costais chomhlíonta ar institiúidí níos lú a laghdú (féach roinn 2.9 agus roinn 4.9 den mheasúnú tionchair).

- **Rogha na hionstraime**

Moltar go gcuirfear na bearta chun feidhme trí leasú a dhéanamh ar an CRR agus an CRD le Rialachán agus le Treoir faoi seach. Leis na bearta atá molta, déantar tagairt do na forálacha atá ann cheana atá fite fuaite sna hionstraimí dlíthiúla sin (leachtacht, giaráil, luach saothair, comhréireacht) nó déantar tuilleadh forbartha ar na forálacha sin.

Maidir leis an gcaighdeán comhaontaithe nua de chuid FSB maidir le TLAC, moltar go ndéanfar formhór an chaighdeáin a ionchorprú in CRR, ós rud é gur le rialachán, agus leis sin amháin, is féidir an cur i bhfeidhm aonfhoirmeach a theastaíonn a bhaint amach, faoi mar atá, a bheag nó a mhór, leis na ceanglais riosca-bhunaithe maidir le cistí dílse atá ann cheana. Dá ndéanfaí ceanglais stuamachta a mhúnlú i bhfoirm leasaithe ar CRR d'áiritheofaí, dá bharr sin, go mbeadh na ceanglais sin infheidhme go díreach maidir leis na G-SIIanna. Chuirfeadh sé sin cosc ar na Ballstáit ceanglais éagsúla náisiúnta a chur chun feidhme i réimse inarbh fhearr an comhchuibhiú iomlán d'fhonn cothrom iomaíochta a áirithiú. Os a choinne sin, beidh gá le mionchoigeartú a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair laistigh de TTRB chun a áirithiú go bhfuil an ceanglas TLAC agus an t-íoscheanglas do chistí dílse agus do dhliteanais incháilithe (ICDI) iomlán comhleanúnach agus comhsheasmhach le chéile.

De thoradh roinnt de na leasuithe ar CRD a ghabhann le comhréireacht bheadh solúbthacht áirithe ag Ballstáit rialacha éagsúla a bheith acu nuair a bheadh na leasuithe sin á dtrasuí sa dlí náisiúnta. Thabharfaí de rogha do na Ballstáit rialacha níos daingne a fhorchur i dtaca le cúrsaí áirithe amhail luach saothair agus tuairisciú.

## 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún tionscnaimh áirithe d'fhonn a mheas arbh iad an creat stuamachta atá ann faoi láthair agus na hathbhreithnithe ar chaighdeáin dhomhanda atá le teacht na hionstraimí ba leordhóthanaí chun cuspóirí stuamachta a áirithiú d'institiúidí an Aontais Eorpaigh agus d'fhonn a mheas an leanfaidís de bheith ag cur an mhaoiniúcháin ba ghá ar fáil do gheilleagar an Aontais amach anseo.

In Iúil 2015, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí faoin tionchar a d'fhéadfadh bheith ag CRR agus CRD ar an maoiniú a dhéanann bainc ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh agus béim ar leith á leagan ann ar mhaoiniú na FBManna agus an bhonneagair agus i Meán Fómhair 2015 sheol an Coimisiún Glao ar Fianaise[1] a chumhdaíonn reachtaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh ina hiomláine. Ba é aidhm an dá thionscnamh fianaise eimpíreach agus aiseolas nithiúil a fháil ar an méid seo a leanas i) rialacha a dhéanann difear do chumas an gheilleagair é féin a mhaoiniú agus do chumas fáis an gheilleagair, ii) ualaí rialála nach bhfuil

[1] Féach http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/long-term-finance/docs/consultation-document_en.pdf agus http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/financial-regulatory-framework-review/docs/consultation-document_en.pdf. Bhí an Glao ar Fhianaise beartaithe speictream iomlán an rialacháin maidir le seirbhísí airgeadais a chuimsiú. Dírítear sa mheasúnú tionchair ar shaincheisteanna a ghabhann le réimse na baincéireachta agus leis sin amháin. Déileálfar ar leithligh le saincheisteanna a ghabhann le deighleoga eile de reachtaíocht airgeadais an Aontais Eorpaigh.

gá leo, iii) idirghníomhaíochtaí, neamhréireachtaí agus bearnaí sna rialacha, agus iv) rialacha is cúis le hiarmhairtí neamhbheartaithe. Ina theannta sin, bhailigh an Coimisiún tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le hanailísí sonracha a rinneadh ar fhorálacha lena rialaítear luach saothair[2] agus ar chomhréireacht na rialacha atá in CRR agus in CRD. Ar deireadh, seoladh comhairliúchán poiblí i gcomhthéacs an staidéir a chuir an Coimisiún amach ar conradh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar CRR ar an maoiniú a dhéanann na bainc ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh[3].

Tá fianaise shoiléir ann de thoradh na dtionscnamh thuasluaite uile gur gá nuashonrú agus iomlánú a dhéanamh ar na rialacha atá ann faoi láthair d'fhonn i) na rioscaí in earnáil na baincéireachta a laghdú a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, an spleáchas ar Státchabhair agus ar airgead na gcáiníocóirí i gcás géarchéime a laghdú, agus ii) cur le cumas na n-institiúidí maoiniú leordhóthanach a sheoladh chuig an ngeilleagar.

Tá achoimre ar na comhairliúcháin, na hathbhreithnithe agus na tuarascálacha le fáil in Iarscríbhinn 1 agus in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an measúnú tionchair.

- **Measúnú tionchair**

Pléadh an measúnú tionchair[4] leis an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála agus diúltaíodh dó an 7 Meán Fómhair 2016. I ndiaidh an diúltaithe, rinneadh an measúnú tionchair a neartú trí na nithe seo a leanas a chur leis i) míniú níos fearr ar chomhthéacs beartais an togra (i.e. an bhaint atá aige le forbairtí beartais idirnáisiúnta agus forbairtí beartais an Aontais Eorpaigh), ii) tuilleadh sonraí ar dhearcadh na bpáirtithe leasmhara agus iii) tuilleadh fianaise maidir le tionchair (i dtéarmaí sochar agus costas) na roghanna beartais éagsúla a ndearnadh iniúchadh orthu sa mheasúnú tionchair. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach[5] uaidh an 27 Meán Fómhair 2016 ar an measúnú tionchair a atíolacadh. Tá an measúnú tionchair ag gabháil leis an togra. Tá an measúnú tionchair comhoiriúnach leis an togra.

Mar atá léirithe ag an anailís ionsamhlaithe agus an samhaltú maicreacnamaíoch a forbraíodh sa mheasúnú tionchair, táthar ag súil leis go ndéanfar costais theoranta le tabhairt isteach na gceanglas nua, go háirithe na caighdeáin Basel nua amhail an cóimheas giarála agus an leabhar trádála. Tá an tionchar a mheastar a bheidh ar an olltáirgeacht intíre (OTI) go fadtéarmach idir -0.03% agus -0.06%, agus meastar go mbeidh an méadú ar chostais cistiúcháin don earnáil bhaincéireachta faoi 3 bhonnphointe sa chás is measa. Ar thaobh na sochar, léiríodh sa chleachtadh ionsamhlúcháin go dtiocfadh ísliú 32% ar mhéid na n-acmhainní poiblí a bheadh ag teastáil chun tacú leis an gcóras baincéireachta i gcás géarchéim airgeadais a bheadh ar aon dul le géarchéim 2007 - 2008 – is é sin, laghdú ó EUR 51 billiún go EUR 34 billiún.

---

2 Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2016)510 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle an 28 Iúil 2016 – Measúnú ar na rialacha maidir le luach saothair faoi Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3 Tá an comhairliúchán poiblí le fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/finance/consultations/2015/long-term-finance/index_en.htm.

4 Nasc chuig an measúnú tionchair.

5 Nasc chuig an tuairim.

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Má leantar le cineálacha cur chuige simplithe chun ceanglais cistí dílse a ríomh, meastar go n-áiritheoidh sin comhréireacht leanúnach na rialacha le haghaidh na n-institiúidí atá níos lú. Ina theannta sin, ba cheart go dtiocfadh laghdú ar ualach riaracháin na n-institiúidí sin agus ar an ualach maidir le comhlíonadh atá orthu de thoradh na mbeart breise atá dírithe ar chomhréireacht roinnt ceanglas (maidir le tuairisciú, nochtadh agus luach saothair) a mhéadú.

Maidir le FBManna, meastar go mbeidh tionchar dearfach ar an maoiniú ar na FBManna ag an athchalabrú atá molta ar cheanglais cistí dílse maidir le neamhchosaintí institiúidí ar FBManna. Is iad na FBManna sin a bhfuil neamhchosaint níos mó ná EUR 1.5 milliún acu i láthair na huaire is mó a bheadh thíos leis sin mar ní bhaineann na neamhchosaintí sin tairbhe as an bhFachtóir Tacaíochta FBM faoi na rialacha atá ann faoi láthair.

Meastar go gcuirfidh gnéithe eile den togra le hinbhuanaitheacht iasachtaithe do FBManna, go háirithe na gnéithe a bhfuil sé d’aidhm acu athléimneacht na n-institiúidí i leith géarchéimeanna eile amach anseo a threisiú.

Ar deireadh, maidir leis na bearta a bhfuil sé d’aidhm acu costais chomhlíonta atá ar institiúidí a laghdú, go háirithe ar institiúidí nach bhfuil chomh mór ná chomh casta sin, meastar go laghdóidh na bearta sin na costais iasachtaíochta atá ar na FBManna.

Maidir le tríú tíortha de, cuirfear feabhas ar chobhsaíocht mhargaí airgeadais an Aontais Eorpaigh de thoradh an togra, agus leis sin laghdófar dóchúlacht agus costais na n-iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh bheith ann do mhargaí airgeadais dhomhanda. Ina theannta sin, de thoradh na leasuithe atá molta déanfar tuilleadh comhchuibhithe ar an gcreat rialála ar fud an Aontais, rud a laghdóidh go mór na costais riaracháin ar institiúidí tríú tír atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach.

Tá an togra seo comhsheasmhach le tosaíocht an Choimisiúin maidir leis an Margadh Aonair Digiteach.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an tAontas tiomanta d’ardchaighdeáin i dtaca le cosaint na gceart bunúsach agus tá raon leathan de choinbhinsiúin maidir le cearta an duine sínithe aige. Sa chomhthéacs seo, ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar na cearta sin, a liostaítear i bpríomhchoinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá mar dhlúthchuid de Chonarthaí an Aontais, agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéanfaidh an togra difear do bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Táthar ag súil leis go dtiocfaidh na leasuithe atá molta i bhfeidhm in 2019 ar a luaithe. Tá dlúthbhaint ag na leasuithe le forálacha eile CRR agus CRD atá i bhfeidhm cheana féin agus a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu ó 2014.

Leanfaidh CBMB agus ÚBE leis na sonraí is gá a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar an gcóimheas giarála agus ar na bearta leachtachta nua chun go bhféadfaí measúnú tionchair a dhéanamh amach anseo ar na huirlisí beartais nua. Beidh Próisis rialta Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREPanna) agus bearta tástála struis ina gcuidiú le faireachán a dhéanamh ar thionchar na mbeart nua atá molta ar na hinstitiúidí lena mbaineann agus beidh siad ina gcuidiú freisin le leordhóthanacht na solúbthachta agus na comhréireachta a fhoráil le freastal a dhéanamh ar shainiúlachtaí na n-institiúidí beaga. Ina theannta sin, leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin de bheith rannpháirteach i ngrúpaí oibre CBMB agus sa chomh-thascfhórsa a bhunaigh an Banc Ceannais Eorpach agus ÚBE, a dhéanann faireachán ar dhinimic chistí dílse na n-institiúidí agus ar a staideanna leachtacha ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach faoi seach.

Is éard atá sa tacar táscairí atá ceaptha faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtorthaí a thagann as cur chun feidhme na roghanna tosaíochta:

Maidir le Cóimheas Glanchistiúcháin Chobhsaí (NSFR):

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | NSFR d'institiúidí an Aontais Eorpaigh |
| **Sprioc** | Ón dáta cur i bhfeidhm, comhlíonfaidh 99% de na hinstitiúidí a bheidh ag glacadh páirt i gcleachtadh faireacháin Basel III de chuid ÚBE an NSFR ag Leibhéal 100% (chomhlíon 65% d'institiúidí creidmheasa ghrúpa 1 agus 89% d'institiúidí ghrúpa 2 an NSFR ag deireadh mhí Nollag 2015) |
| **Foinse na sonraí** | Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE |

Maidir le cóimheas giarála:

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | Cóimheas giarála d'institiúidí an Aontais Eorpaigh |
| **Sprioc** | Ón dáta cur i bhfeidhm, beidh cóimheas giarála 3% ar a laghad ag 99% d'institiúidí creidmheasa ghrúpa 1 agus ghrúpa 2 (bhain 93.4% d'institiúidí ghrúpa 1 an sprioc amach i Meitheamh 2015) |
| **Foinse na sonraí** | Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE |

Maidir le FBManna

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | Bearna maoiniúcháin a chuirtear ar fáil do FBManna san Aontas, i.e. an difríocht idir an gá atá le maoiniú seachtrach agus infhaighteacht na gcistí |

| | |
|---|---|
| **Sprioc** | Faoi dhá bhliain i ndiaidh an dáta cur i bhfeidhm, < 13% (an figiúr is deireanaí dá bhfuil ar fáil – 13% faoi dheireadh 2014) |
| **Foinse na sonraí** | Suirbhé SAFE de chuid an Choimisiúin agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (tá raon na sonraí teoranta don limistéar euro) |

Maidir le TLAC:

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | TLAC in G-SIIanna |
| **Sprioc** | Comhlíonfaidh Bainc uile an Aontais Eorpaigh a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo an sprioc (>16% de Shócmhainní Ualaithe ó thaobh Riosca (RWA)/6% de Thomhas Neamhchosaintí an Chóimheasa Giarála (LREM) faoi 2019, >18% Sócmhainní Ualaithe ó thaobh Riosca (RWA)/6.75% LREM faoi 2022) |
| **Foinse na sonraí** | Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE |

Maidir le leabhar trádála:

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | RWA i gcomhair rioscaí margaidh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh<br><br>Inathraitheacht bhreathnaithe sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca maidir le punanna comhiomlánaithe trí chur chuige na samhlacha inmheánacha a chur i bhfeidhm. |
| **Sprioc** | - Faoi 2023, comhlíonfaidh institiúidí uile an Aontais Eorpaigh na ceanglais cistí dílse do rioscaí margaidh faoin gcalabrú críochnaitheach a ghlacfar ag an Aontas Eorpach.<br><br>- Faoi 2021, beidh inathraitheacht thorthaí na samhlacha inmheánacha ar fud institiúidí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil cúis léi (i.e. inathraitheacht nach dtagann ó dhifríochtaí i rioscaí foluiteacha) níos lú ná inathraitheacht reatha * na samhlacha inmheánacha ar fud institiúidí an Aontais Eorpaigh.<br><br>___________<br><br>*Ba cheart go mbeadh na luachanna tagartha do "inathraitheacht reatha" cheanglais luacha faoi riosca (VaR) agus cheanglais muirear i leith riosca incriminteach (IRC) mar an gcéanna leis na luachanna tagartha arna meas sa Tuarascáil is déanaí ó ÚBE ar inathraitheacht Shócmhainní Ualaithe ó thaobh Riosca maidir le Punanna Riosca Margaidh, arna ríomh do phunanna comhiomlánaithe, a foilsíodh roimh theacht i bhfeidhm an chreata nua riosca margaidh. |
| **Foinse na sonraí** | Tuarascálacha faireacháin leathbhliantúla Basel III ó ÚBE<br><br>Tuarascáil ó ÚBE maidir le hinathraitheacht shócmhainní |

| | |
|---|---|
| | ualaithe ó thaobh riosca maidir le Punanna Riosca Margaidh. Ba cheart go ríomhfaí luachanna nua de réir an mhodha chéanna. |

Maidir le luach saothair:

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | Úsáid an iarchurtha agus na n-eisíocaíochtaí in ionstraimí ag institiúidí |
| **Sprioc** | Cuirfidh 99% d'institiúidí nach institiúidí beaga agus neamhchasta iad, i gcomhréir le ceanglais CRD, ar a laghad 40% den luach saothair inathraithe siar thar 3 go 5 bliana agus ligfidh siad amach ar a laghad 50% den luach saothair inathraithe in ionstraimí i ndáil lena bhfoireann shonraithe ag a bhfuil leibhéil ábhartha luacha saothair inathraithe. |
| **Foinse na sonraí** | Tuarascálacha tagarmharcála luacha saothair ó ÚBE |

Maidir le comhréireacht:

| | |
|---|---|
| **Táscaire** | Ualach laghdaithe ó thuairisciú agus ó nochtadh maoirseachta |
| **Sprioc** | Tuairisceofar ualach laghdaithe in 80% d'institiúidí beaga nach bhfuil chomh casta sin |
| **Foinse na sonraí** | Suirbhé le forbairt agus le déanamh ag ÚBE faoi 2022 - 2023 |

Déanfar measúnú ar thionchair an togra seo cúig bliana tar éis dháta cur i bhfeidhm na mbeart atá molta ar bhonn an mhodha a bheidh comhaontaithe ag ÚBE go luath tar éis an ghlactha. Na sonraí is gá le faireachán a dhéanamh ar na táscairí thuasluaite agus ar tháscairí eile a bhfuil gá leo chun measúnú a dhéanamh ar CRR agus CRD, tabharfar údarás d'UBÉ na sonraí sin a shainiú agus a bhailiú. D'fhéadfaí an modh a fhorbairt do roghanna ar leith nó do ghrúpa roghanna idirnasctha ag brath ar na himthosca a bheidh ann sula seolfaí an measúnú agus ag brath ar aschur tháirgeacht na dtáscairí monatóireachta.

Áiritheofar comhlíonadh agus forghníomhú ar bhonn leanúnach nuair is gá sin trí imeachtaí um shárú a sheolfaidh an Coimisiún i gcás nach ndéanfar na bearta reachtacha a thrasuí nó a chur i bhfeidhm mar is ceart. Féadfaidh tuairisciú ar sháruithe ar dhlí an Aontais a stiúradh tríd an gCóras Eorpach Maoirseoirí Airgeadais (CEMA), lena n-áirítear na húdaráis rialála inniúla agus ÚBE agus déanfar an tuairisciú sin a stiúradh trí BCE freisin. Leanfaidh ÚBE dá thuarascálacha rialta ar chleachtadh faireacháin Basel III i dtaca le córas baincéireachta an Aontais Eorpaigh a fhoilsiú. Déantar faireachán sa chleachtadh seo ar thionchar cheanglais Basel III (mar a chuirtear chun feidhme iad trí CRR agus CRD) ar institiúidí an Aontais Eorpaigh go háirithe mar a bhaineann sin lena gcóimheasa caipitil (atá bunaithe ar riosca nó nach bhfuil) agus lena gcóimheasa leachtachta (LCR, NSFR). Reáchtáiltear an cleachtadh sin i gcomhthreo leis an gcleachtadh atá á reáchtáil ag CBMB.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**EINTITIS DHÍOLMHAITHE**

Leasaítear Airteagal 2(5) de CRD chun institiúidí sa Chróit a chur leis ar institiúidí iad a bhí díolmhaithe ó chur i bhfeidhm CRD agus CRR tríd an gConradh Aontachais

Tá bainc forbartha phoiblí agus comhair chreidmheasa i mballstáit áirithe díolmhaithe cheana ón gcreat rialála CRD-CRR. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú, ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit go léir leas a bhaint as an deis ceadú do na cineálacha sin d'eintitis bheith ag oibriú faoi choimircí rialála náisiúnta agus fúthu sin amháin ar cóimhéid leis na rioscaí a thabhaíonn siad. Chun na críche sin, tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún ina Phlean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil a bhunú an 30 Meán Fómhair 2015, féachaint an bhféadfadh na Ballstáit go léir comhair chreidmheasa a údarú a bheadh ag feidhmiú lasmuigh de cheanglais creata rialála AE do bhainc. I gcomhréir leis na gealltanais sin agus, arna iarraidh sin don Ísiltír, áirítear comhair chreidmheasa san Ísiltír freisin ar liosta na n-institiúidí in Airteagal 2(5) de CRD. Ina theannta sin, cuirtear Airteagal 2(5a) agus 2(5b) le CRD chun díolmhú institiúidí sna Ballstáit eile atá cosúil leis na hinstitiúidí atá ar an liosta cheana , chun díolmhú na n-institiúidí sin ó chreat rialála CRD-CRR a éascú. Tugtar de chumhacht don Choimisiún leis na hAirteagail sin institiúidí nó catagóirí d'institiúidí sonracha a dhíolmhú ó CRD, ar choinníoll go gcomhlíonann siad critéir atá sainithe go soiléir. Ní fhéadfar na díolmhuithe nua sin a chur i bhfeidhm ach amháin ar bhonn cás-ar-chás do bhainc phoiblí de chineálacha forbartha ná d'earnáil iomlán comhar creidmheasa Ballstáit.

Leasaítear mír 2 d'Airteagal 9 chun cuimsiú níos fearr a dhéanamh ar na heisceachtaí ón toirmeasc ar dhaoine nó gnóthais seachas institiúidí creidmheasa a bhíonn i mbun taiscí nó cistí inaisíoctha eile a ghlacadh ón bpobal. Soiléirítear nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir le daoine nó le gnóthais atá i mbun an gnó a thosú agus a shaothrú a bhfuil an gnó sin faoi réir dhlí an Aontais Eorpaigh seachas faoi réir CRD, a mhéid go bhféadfar a gcuid gníomhaíochtaí faoi réir cineálacha eile de dhlí an Aontais Eorpaigh a mheas mar ghlacadh taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal. Ba cheart nach gcuirfeadh sé sin cosc ar eintiteas ó bheith faoi réir údarú faoi CRD agus faoi reachtaíocht eile den chineál sin ón Aontas . Ina theannta sin, soiléirítear nach bhfuil díolmhaithe ón toirmeasc in Airteagal 9(1) de CRD ach eintitis atá liostaithe in Airteagal 2(5) de CRD ós rud é go gcumhdaítear iad faoi chreata dlíthiúla náisiúnta ar leith, rud a bhainfeadh amach an débhríocht san fhoclaíocht atá ann cheana.

**CEANGLAIS CHAIPITIL AGUS TREOIR CHOLÚN 2**

Is féidir léirmhínithe éagsúla a bhaint as foclaíocht reatha na rialacha a bhaineann le ceanglais bhreise chaipitil arna gcinneadh ag údaráis inniúla de réir Airteagal 104 ar léirmhínithe iad a bhaineann leis na cásanna sin ina bhféadfar na ceanglais sin a fhorchur agus an chaoi a bhféadfar na ceanglais sin a mheas maidir leis na híoscheanglais chaipitil a leagtar amach in Airteagal 92 den Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) agus maidir leis an gceanglas maoláin chomhcheangailte (Airteagal 128). Ba é an toradh a bhí ar na léirmhínithe éagsúla sin go raibh difríochtaí substaintiúla idir na méideanna a bhí á bhforchur ar institiúidí aonair ar fud na mBallstát agus go raibh pointí truicir difriúla á gcur i bhfeidhm maidir leis na srianta ar dháileachán dá bhforáiltear in Airteagal 141. Ina theannta sin, ní shonraítear a dhath sa téacs faoin gcaoi a bhféadfadh údaráis inniúla a chur in iúl go bhfuil siad ag súil le hinstitiúidí cistí dílse a bheith ina seilbh os cionn na n-íoscheanglas caipitil, na gceanglas cistí

dílse breise agus an cheanglais maoláin chomhcheangailte. Leis an leasú ar Airteagal 104 liostaítear i measc cumhachtaí eile a bhíonn ag údaráis inniúla an deis a bhíonn acu ceanglais cistí dílse breise a fhorchur. Soiléirítear san Airteagal 104a nua na coinníollacha maidir leis na ceanglais cistí dílse breise a shocrú agus cuirtear béim san Airteagal sin ar chineál institiúid-sonrach na gceanglas sin. Cuirtear leis Airteagal 104b nua chun príomhghnéithe na treorach caipitil a leagan amach go mionsonraithe agus leasaítear Airteagal 113 lena bhforáiltear gur cheart déileáil leis an treoir chaipitil faoi chuimsiú na gcoláistí maoirseoirí. Cuirtear Airteagal 141a nua isteach chun soiléiriú níos fearr a dhéanamh, chun críoch na srianta ar dháileacháin, ar an ngaol idir na híoscheanglais cistí dílse, na cistí dílse agus an ceanglas dliteanas incháilithe, an t-íoscheanglas do chistí dílse agus do dhliteanais incháilithe' (ICDI) agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte ("ord tosaíochta na gceanglas" mar a thugtar air). Ar deireadh, leasaítear Airteagal 141 chun ord tosaíochta na gceanglas a léiriú agus an t-uasmhéid indáilte a ríomh.

### TUAIRISCIÚ AGUS NOCHTADH FAOI CHUIMSIÚ COLÚN 2

Chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus foráil do chóras tuairiscithe agus nochta faoi chuimsiú Cholún 2 atá níos comhréirí, leasaítear Airteagal 104(1) de CRD leis an togra seo chun srian a chur ar lánrogha na n-údarás inniúil agus oibleagáidí breise á bhforchur acu ar institiúidí maidir le tuairisciú agus nochtadh. Ní bheidh na húdaráis inniúla i dteideal na cumhachtaí maoirseachta sin a úsáid ach i gcás ina gcomhlíonfar na forais dhlíthiúla a shainmhínítear i mír nua (2) d'Airteagal 104.

### AN PRÓISEAS ATHBHREITHNITHE AGUS MEASTÓIREACHTA MAOIRSEACHTA (SREP) AGUS COLÚN 2 A THEORANNÚ DO CHUSPÓIRÍ MACRASTUAMACHTA

Chonacthas le gairid gurbh fhiú réimsí freagrachta na n-údarás inniúla agus na n-údarás ainmnithe a líniú ar bhonn níos soiléire idir . Baineann sé sin go sonrach leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) agus leis na ceanglais maoirseachta chomhfhreagracha. Is iad na húdaráis inniúla atá freagrach as SREP agus tá siad freagrach as na ceanglais maoirseachta institiúid-sonracha comhfhreagracha a fhorchur (ceanglais Cholún 2 mar a thugtar orthu). Sa chomhthéacs sin, féadfaidh siad riosca sistéamach a mheasúnú a thiocfadh as institiúid shonrach agus d'fhéadfaidís dul i ngleic leis an riosca sin trí cheanglais maoirseachta a fhorchur ar an institiúid sin. Dá mbainfí úsáid as Colún 2 sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé an bonn d'éifeachtacht agus d'éifeachtúlacht ionstraimí macrastuamachta eile. I bhfianaise an méid sin, foráiltear sa togra gur cheart go mbeadh SREP agus na ceanglais maoirseachta chomhfhreagracha teorannaithe do pheirspictíocht macrastuamachta amháin. Leasaítear Airteagail 97, 98, 99 agus 105 dá réir. Scriostar Airteagal 103 agus cuirtear soiléiriú san Airteagal 104a(1) nua lena bhforáiltear nach bhforchuirfear ceanglais cistí dílse breise dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 104 chun riosca macrastuamachta ná riosca sistéamach a chumhdach.

### CREAT LEASAITHE MAIDIR LE RIOSCA RÁTA ÚIS A THABHAIRT ISTEACH

De bharr forbairtí ar bhonn idirnáisiúnta maidir le rioscaí ráta úis a thomhas, leasaítear Airteagal 84 agus Airteagal 98 den Treoir seo agus Airteagal 448 de CRR d'fhonn creat leasaithe maidir le gabháil rioscaí ráta úis do shuíomhanna leabhair baincéireachta a thabhairt isteach. Áirítear ar na leasuithe sin cur chuige comhchoiteann caighdeánaithe a thabhairt isteach a bhféadfadh institiúidí úsáid a bhaint as chun na rioscaí sin a ghabháil nó a

bhféadfadh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid a úsáid nuair nach bhfuil na córais atá forbartha ag an institiúid chun na rioscaí a ghabháil sásúil, agus áirítear ar na leasuithe freisin ceanglais fheabhsaithe maidir le tástálacha asluiteacha agus maidir le nochtadh. Ina theannta sin, tugtar sainordú d'ÚBE, in Airteagal 84 de CRD, mionsaothrú a dhéanamh ar shonraí an chur chuige chaighdeánaithe maidir leis na critéir agus na coinníollacha ar cheart d'institiúidí a leanúint chun rioscaí ráta úis a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú. Tugtar sainordú d'ÚBE freisin, in Airteagal 98 de CRD, na sé chás maoirseachta suaite a chuirtear i bhfeidhm ar rátaí úis agus an toimhde choiteann nach foláir d'institiúidí a chur chun feidhme don tástáil asluiteach a shainmhíniú.

### CUIDEACHTAÍ SEALBHAÍOCHTA AIRGEADAIS AGUS CUIDEACHTAÍ SEALBHAÍOCHTA AIRGEADAIS MEASCTHA

Tugtar forálacha nua isteach agus déantar coigeartuithe ar Airteagail éagsúla in CRD-CRR chun cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a thabhairt go díreach faoi raon feidhme chreat macrastuamachta an Aontais Eorpaigh. Tugtar isteach ceanglas maidir le húdarú mar aon le cumhachtaí maoirseachta díreacha ar chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus ar chuideachtaí sealbhaíocht airgeadais measctha (Airteagal 21a de CRD). Leasaítear Airteagal 11 de CRR chun a shoiléiriú gurb í an chuideachta sealbhaíochta, - i gcás ina gcuirfear ceanglais i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite ar leibhéal na gcuideachtaí sealbhaíochta sin – agus nach iad na hinstitiúidí ar fochuideachtaí de na sealbhaíochtaí sin iad a bheidh freagrach go díreach as comhlíonadh. Déantar coigeartú ar Airteagal 13 agus Airteagal 18 de CRR chun freagracht dhíreach na gcuideachtaí sealbhaíochta airgeadais nó na gcuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a léiriú.

### MÁTHAIRGHNÓTHAS AE IDIRMHEÁNACH

Chun cur chun feidhme na gcaighdeán arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir le cumas ionsúcháin caillteanas do G-SIIanna neamh-Eorpacha i nDlí an Aontais agus, ar bhonn níos leithne, chun próiseas réitigh grúpaí tríú tír a shimpliú agus a threisiú le gníomhaíochtaí suntasacha san Aontas, tugtar isteach in Airteagal 21b de CRD ceanglas nua maidir le máthairghnóthas AE idirmheánach a bhunú i gcás ina mbeidh an máthairghnóthas deiridh céanna i dtríú tír ag dá institiúid nó ag níos mó insitítiúidí ná sin arna mbunú san Aontas. Is féidir go mbeidh an máthairghnóthas AE idirmheánach ina chuideachta sealbhaíochta a bheidh faoi réir cheanglais CRR agus CRD, nó is féidir go mbeidh sé ina institiúid AE. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas ach maidir le grúpaí tríú tír a shainaithnítear ina G-SIIanna neamh-Eorpacha nó a bhfuil eintitis acu ar chríoch an Aontais Eorpaigh agus ag a bhfuil sócmhainní iomlána dar luach ar a laghad EUR 30 billiún (cuirfear sócmhainní fochuideachtaí agus brainsí na ngrúpaí tríú tír sin araon san áireamh nuair a dhéanfar an ríomh).

### LUACH SAOTHAIR

Mar a cheanglaítear faoi Airteagal 161(2) de CRD, tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht, cur chun feidhme agus forfheidhmiú rialacha luacha saothair CRD. Bhí torthaí an athbhreithnithe sin, a léirítear sa Tuarascáil ón gCoimisiún COM(2016) 510, dearfach ar an iomlán.

Ina ainneoin sin, léiríodh san athbhreithniú nach bhfuil cuid de na rialacha, mar atá na rialacha maidir le hiarchur agus eisíocaíochtaí in ionstraimí, inoibrithe i gcás na n-institiúidí is lú agus is neamhchasta agus i gcás foirne a bhfuil luach saothair inathraithe íseal aici. Léiríodh san athbhreithniú freisin gur baineadh léirmhínithe éagsúla as an gcomhréireacht maidir leis na hinstitiúidí is lú agus is neamhchasta mar a léirítear in Airteagal 92(2) de CRD agus ba é an toradh a bhí air sin gur cuireadh na rialacha chun feidhme sna Ballstáit ar bhonn neamhchothrom. Moltar leasú spriocdhírithe chun dul i ngleic leis na fadhbanna a tháinig chun cinn i gcur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an iarchur agus na heisíocaíochtaí in ionstraimí in institiúidí beaga agus neamhchasta agus i gcás ball foirne a bhfuil luach saothair inathraithe íseal acu. Chun na críche sin, leasaítear Airteagal 94 chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag na rialacha maidir leis na hinstitiúidí go léir agus maidir lena bhfoireann shonraithe, seachas maidir leo sin atá faoi bhun na dtairseach a leagtar amach do mhaoluithe. San am céanna, tugtar roinnt solúbthachta do na húdaráis inniúla chun cur chuige níos déine a ghlacadh.

Is é is aidhm freisin do na leasuithe a bhaineann le forálacha maidir le luach saothair aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le rialacha níos comhréirí a sainaithníodh in athbhreithniú an Choimisiúin trína gceadófar d'institiúidí liostaithe úsáid a bhaint as ionstraimí atá nasctha le scaireanna chun ceanglais CRD a chomhlíonadh.

2016/0364 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2013/36/AE maidir le heintitis dhíolmhaithe, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha, an luach saothair, bearta agus cumhachtaí maoirseachta agus bearta caomhnaithe caipitil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[6]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[7],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Glacadh Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais a thosaigh in 2007-2008. Chuidigh na bearta reachtacha sin go mór leis an gcóras airgeadais san Aontas Eorpach a neartú agus bá é an toradh a bhí air sin go raibh teacht aniar níos fearr ag institiúidí i gcoinne suaití as sin amach . In ainneoin na bearta sin a bheith an-chuimsitheach ar fad, níor tugadh aird ar na laigí ar fad a sainaithníodh a raibh tionchar acu ar institiúidí. Lena chois sin,

6 IO C […], […], lch. […].

7 IO C […], […], lch. […].

8 Treoir 2001/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE, (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

9 Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

cuireadh cuid de na bearta a moladh ar dtús faoi réir clásail athbhreithnithe nó níor sonraíodh go leordhóthanach iad chun iad a chur chun feidhme go rianúil.

(2) Is é is aidhm don Treoir seo aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a bhaineann le forálacha ar léir nach raibh siad soiléir go leor agus ar baineadh léirmhínithe éagsúla astu dá bharr sin nó a measadh go raibh siad ró-achrannach le haghaidh institiúidí ar leith. Tá coigeartuithe ar Threoir 2013/36/AE ann freisin a bhfuil gá leo i ndiaidh reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, mar shampla Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] nó na hathruithe a beartaíodh i gcomhthráth le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ar deireadh, cuirfear an creat rialála reatha i gcomhréim níos fearr le forbairtí idirnáisiúnta leis na leasuithe a beartaíodh chun comhleanúnachas agus inchomparáideacht idir na dlínsí a chur chun cinn.

(3) D'fhéadfadh cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha bheith ina máthairghnóthais de ghrúpaí baincéireachta agus beartaítear go gcuirfear ceanglais stuamachta i bhfeidhm ar bhonn chás comhdhlúite na gcuideachtaí sealbhaíochta sin. Ó tharla go bhféadfadh sé nach ndéanfadh an institiúid arna rialú ag na cuideachtaí sealbhaíochta sin na ceanglais a chomhlíonadh i gcónaí ar bhonn comhdhlúite, tá sé ag teacht le raon feidhme an chomhdhlúthaithe go dtabharfar cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha faoi raon feidhme díreach Threoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Tá gá mar sin le nós imeachta ar leith údarúcháin maidir le cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha agus ní mór do na húdaráis inniúla maoirseacht a dhéanamh orthu freisin. Leis sin, d'áireofaí go ndéanfadh an chuideachta shealbhaíochta féin na ceanglais chomhdhlúthaithe stuamachta a chomhlíonadh nach mbeidh faoi réir ceanglais stuamachta arna gcur i bhfeidhm ar bhonn na cuideachta féin.

(4) Cuirtear de chúram ar an maoirseoir comhdhlúthaithe na príomhfhreagrachtaí maidir le maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite. Dá bhrí sin, ba cheart an fhreagracht a thabhairt don mhaoirseoir comhdhlúthaithe freisin údaracháin stuamachta a cheadú do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh orthu. Ba cheart go mbeadh an Banc Ceannais Eorpach, nuair a bhíonn sé ag feidhmiú a chúraim maoirseacht a dhéanamh ar mháthairchuideachtaí institiúidí creidmheasa ar bhonn comhdhlúite de bhun Airteagal 4(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013[11] ón gComhairle, freagrach as cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a údarú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

---

[10] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

(5) Léiríodh sa tuarascáil ón gCoimisiún COM(2016) 510 an 28 Iúil 2016 go bhfuil cuid de na prionsabail, nuair a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí beaga agus neamhchasta iad, mar atá na ceanglais maidir leis an iarchur agus na híocaíochtaí in ionstraimí a leagtar amach i bpointe (l) agus i bpointe (m) d'Airteagal 94(1) de Threoir 2013/36/AE, ró-achrannach agus nach bhfuil siad i gcomhréir lena mbuntáistí stuamachta. Ar an dóigh chéanna, fuarthas gur mó an costas na ceanglais sin a chur i bhfeidhm ná a sochair stuamachta i gcás foirne a bhfuil íosleibhéil luacha saothair inathraithe aici ós rud é gur beag dreasacht, más ann di ar chor ar bith, atá ag foireann riosca iomarcach a ghlacadh de bharr na leibhéal sin luacha saothair. Dá réir sin, cé gur cheart go gcuirfí de cheangal ar na hinstitiúidí uile i gcoitinne na prionsabail go léir a chur i bhfeidhm ar gach ball den fhoireann acu a bhfuil tionchar ábhartha ag gníomhaíochtaí gairmiúla na mball sin ar a bpróifíl riosca, is gá institiúidí beaga agus neamhchasta ina bhfuil íosleibhéil luacha saothair le fáil a dhíolmhú sa Treoir ó na prionsabail a bhaineann leis an iarchur agus na híocaíochtaí in ionstraimí.

(6) Tá gá le critéir shoiléire, chomhleanúnacha agus chomhchuibhithe maidir le hinstitiúidí beaga agus neamhchasta a shainaithint agus íosleibhéil luacha saothair inathraithigh a shainaithint freisin chun cóineasú maoirseachta a áirithiú agus chun cothrom iomaíochta a chur ar fáil d'institiúidí agus chun cosaint leordhóthanach a thabhairt do thaisceoirí, d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí ar fud an Aontais Eorpaigh. San am céanna, is iomchuí roinnt solúbthachta a thabhairt do na húdaráis inniúla chun cur chuige níos déine a ghlacadh i gcás ina measfaidh siad gur gá é sin.

(7) Ceanglaítear le Treoir 2013/36/AE go gcuimseoidh cuid shubstaintiúil, agus ar aon chuma ar a laghad 50%, de luach saothair inathraitheach cothromaíocht de scaireanna nó leasanna úinéireachta coibhéiseacha a bheidh faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann, nó ionstraimí atá nasctha le scaireanna nó ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha, i gcás institiúide neamhliostaithe; agus, nuair is féidir, ionstraimí malartacha Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 a chomhlíonann coinníollacha ar leith. De réir an phrionsabail seo, is iad na hinstitiúidí neamhliostaithe amháin dá gceadaítear ionstraimí a úsáid atá nasctha le scaireanna agus cuirfear de cheangal, dá réir sin freisin, ar na hinstitiúidí liostaithe scaireanna a úsáid. Fuarthas sa tuarascáil ón gCoimisiún COM(2016) 510 an 28 Iúil 2016 go bhféadfaí gur ualaí agus costais riaracháin shuntasacha d'institiúidí liostaithe iad an toradh a bheadh ar úsáid na scaireanna. San am céanna, is féidir sochair stuamachta coibhéiseacha a bhaint amach trí cheadú d'institiúidí liostaithe ionstraimí a úsáid atá nasctha le scaireanna ar ionstraimí iad a rianaíonn luach na scaireanna. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht ionstraimí a úsáid atá nasctha le scaireanna a leathnú go gcumhdófar institiúidí liostaithe.

(8) Is tábhachtach na forlíontáin cistí dílse arna bhforchur ag údaráis inniúla mar spreagadh do leibhéal foriomlán cistí dílse institiúide agus is tábhachtach do rannpháirtithe an mhargaidh iad sin mar go mbíonn éifeacht ag leibhéal cistí dílse breise arna bhforchur ar an bpointe truicir maidir le srianta ar íocaíochtaí díbhinní, íocaíochtaí bónas agus íocaíochtaí faoi ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1. Ba cheart sainmhíniú soiléir a thabhairt ar na coinníollacha lenar cheart forlíontáin chaipitil a fhorchur chun a áirithiú go gcuirfear rialacha i bhfeidhm go comhleanúnach ar fud na mBallstát agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh a áirithiú.

(9) Ba cheart forlíontáin cistí dílse arna bhforchur ag údaráis inniúla a shocrú maidir le cás sonrach institiúide agus ba cheart údar maith a thabhairt leis. Ba cheart gan na

ceanglais sin a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí macrastuamachta agus ba cheart iad a shuí, de réir ord tosaíochta na gceanglas cistí dílse, os cionn na n-íoscheanglas cistí dílse agus faoi bhun an cheanglais maoláin chomhcheangailte.

(10) Is ceanglais chomhthreomhara iad an ceanglas cóimheasa giarála agus na ceanglais cistí dílse rioscabhunaithe. Dá bhrí sin, ba cheart aon fhorlíontáin cistí dílse arna bhforchur ag údaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt ar riosca na giarála iomarcaí a chur leis an íoscheanglas cóimheasa giarála agus níor cheart é sin a chur leis an gceanglas cistí dílse rioscabhunaithe. Ina theannta sin, is féidir aon chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna úsáid ag institiúidí chun a gceanglais cóimheasa giarála a chomhlíonadh a úsáid chun a gceanglais cistí dílse rioscabhunaithe a chomhlíonadh chomh maith, lena n-áirítear na ceanglais maoláin chomhcheangailte.

(11) Ba cheart go mbeadh an deis ag údaráis inniúla aon choigeartú breise a dhéanfar ar mhéid an chaipitil os cionn na n-íoscheanglas cistí dílse , na gceanglas cistí dílse breise agus na gceanglas maoláin chomhcheangailte a chur in iúl d'institiúid a bhfuil siad ag súil leis an institiúid sin a bheith ina seilbh chun déileáil le cásanna réamhbhreathnaitheacha ar leith agus cásanna nach mbaineann. Ós rud é gur sprioc-chaipiteal é atá sa treoir seo, ba cheart a mheas go bhfuil sé suite os cionn na gceanglas cistí dílse agus na gceanglas maoláin chomhcheangailte sa chiall nach gcuirfear i ngníomh na srianta ar dháileacháin dá bhforáiltear in Airteagal 141 den Treoir seo nuair a mhainneofar an sprioc sin a bhaint amach agus ba cheart gan oibleagáidí éigeantacha maidir le nochtadh a leagan amach le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 don treoir seo. I gcás ina mainneoidh institiúid an sprioc-chaipiteal a bhaint amach arís agus arís eile, ba cheart don údarás inniúil bheith i dteideal bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm agus, i gcás inarb iomchuí, ceanglais maidir le cistí dílse breise a fhorchur.

(12) Chuir freagraithe ar Ghlao an Choimisiúin ar Fhianaise ar chreat rialála sheirbhísí airgeadais an Aontais in iúl go méadaítear an t-ualach tuairiscithe leis an tuairisciú córasach a chuirtear de cheangal ar údaráis inniúla de bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ina sainaithneofar na ceanglais bhreise maidir le tuairisciú córasach agus ba cheart dó a mheasúnú an bhfuil siad i gcomhréir leis an leabhar rialacha aonair maidir le tuairisciú maoirseachta nó nach bhfuil.

(13) Forálacha na Treorach seo 2013/36/AE maidir leis an riosca ráta úis a thagann as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála, tá na forálacha sin nasctha leis na forálacha ábhartha i Rialachán XX lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena gceanglaítear tréimhse cur chun feidhme níos faide d'institiúidí. Chun cur i bhfeidhm na rialacha maidir leis an riosca ráta úis a thagann as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála a ailíniú, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha is gá chun forálacha ábhartha na Treorach seo a chomhlíonadh ón dáta céanna leis na forálacha ábhartha i Rialachán (AE) Uimh. [XX].

(14) Chun ríomh an riosca ráta úis a bhaineann le gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála a chomhchuibhiú i gcás nach bhfuil córais inmheánacha na n-institiúidí sásúil chun an riosca sin a thomhas, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh maidir le mionsonraí cur chuige chaighdeánaithe a fhorbairt trí na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar amach in Airteagal 84(4) den Treoir seo trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

(15) Chun feabhas a chur ar an gcumas a bheidh ag na húdaráis inniúla na hinstitiúidí sin a shainaithint a d'fhéadfadh bheith faoi réir caillteanais iomarcacha ina ngníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála de thoradh athruithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh maidir leis na sé chás maoirseachta suaite a shonrú a chaithfidh na hinstitiúidí go léir a chur i bhfeidhm chun athruithe ar luach eacnamaíoch gnáthscaireanna a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 98(5), na toimhdí coiteanna a chaithfidh institiúidí a chur i bhfeidhm ina gcórais inmheánacha chun críche an ríofa chéanna agus maidir leis an ngá a chinneadh a d'fhéadfadh a bheith ann le critéir shonracha maidir leis na hinstitiúidí sin a shainaithint, institiúidí ina bhféadfadh sé go mbeadh údar maith le bearta maoirseachta i ndiaidh laghdú ar an nglanioncam úis mar gheall ar athruithe ar rátaí úis trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 de CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

(16) Chun údaráis inniúla a threorú i leith cásanna a shainaithint inar cheart forlíontáin chaipitil institiúid-sonracha a fhorchur, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh maidir leis an gcaoi ar cheart rioscaí nó gnéithe de rioscaí nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach faoi na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart na riosca nó na gnéithe rioscaí sin a thomhas trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

(17) Bhí bainc forbartha phoiblí agus comhair chreidmheasa i mballstáit áirithe díolmhaithe go stairiúil ó reachtaíocht an Aontais maidir le hinstitiúidí creidmheasa. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú, ba cheart go bhféadfaí a cheadú freisin do bhainc forbartha phoiblí eile agus do chomhair chreidmheas eile bheith díolmhaithe ó reachtaíocht an Aontais maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus oibriú faoi choimircí rialála náisiúnta amháin ar cóimhéid leis na rioscaí a thabhaíonn siad. Chun go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ann, is gá critéir shoiléire a leagan amach maidir leis na díolúintí breise sin agus an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den CFAE maidir lena shainaithint an gcomhlíonann institiúidí nó catagóirí institiúidí na critéir shainmhínithe nó nach gcomhlíonann.

(18) Sula nglacfar gníomhartha i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana a dhaingniú agus a athscagadh lena n-áirítear

ceanglais stuamachta atá i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar fud an Aontais, a bhaint amach go leordhóthanach ach gur féidir, ar bhonn a bhfairsinge agus ar n-éifeachtaí, na cuspóirí sin a bhaint amach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(20) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(21) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2013/36/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe ar Threoir 2013/36/AE*

Leasaítear Treoir 2013/36/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 5 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 16:

"(16) san Ísiltír, an 'Nederlandse Investeringsbank voor Ontwikkelingslanden NV', an 'NV Noordelijke Ontwikkelingsmaatschappij', an 'NV Industriebank Limburgs Instituut voor Ontwikkeling en Financiering', an 'Overijsselse Ontwikkelingsmaatschappij NV' agus kredietunies;".

(2) cuirtear an pointe (24) seo a leanas leis:

" (24) sa Chróit, an “kreditne unije” agus an “Hrvatska banka za obnovu i razvitak”,’

(b) cuirtear isteach an mhír 5a agus an mhír 5b seo a leanas:

"5a. Ní bheidh feidhm ag an treoir seo maidir le hinstitiúid i gcás ina mbunóidh an Coimisiún i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 148, ar bhonn faisnéise a bhfuil fáil aige uirthi go gcomhlíonann an institiúid gach ceann de na coinníollacha, gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha státchabhrach:

(a) is institiúid í arna bunú faoin dlí poiblí ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil i mBallstát;

(b) dearbhaítear le dlíthe agus forálacha lena rialaítear an institiúid go bhfuil a gníomhaíocht teoranta do chuspóirí sonraithe beartais airgeadais,

shóisialta nó eacnamaíoch phoiblí a chur chun cinn i gcomhréir leis na dlíthe agus na forálacha lena rialaítear an institiúid sin, ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúis. Chun na gcríoch sin, féadfar a áireamh ar na cuspóirí beartais phoiblí maoiniú a sholáthar ar mhaithe le hearnálacha eacnamaíocha sonraithe nó limistéir gheografacha shonraithe an Bhallstáit ábhartha a chur chun cinn agus a fhorbairt;

(c) tá sí faoi réir ceanglas stuamachta leordhóthanach agus éifeachtach, lena n-áirítear íoscheanglais cistí dílse, agus faoi réir creat rialála leordhóthanach lena ngabhann éifeacht chomhchosúil leis an gcreat arna bhunú faoi dhlí an Aontais Eorpaigh;

(d) tá sé d'oibleagáid ar an rialtas láir, ar an rialtas réigiúnach nó ar an údarás áitiúil, de réir mar is infheidhme, inmharthanacht na hinstitiúide a chosaint nó ar a laghad 90% de cheanglais cistí dílse, de cheanglais cistiúcháin nó de neamhchosaintí na hinstitiúide a ráthú go díreach nó go hindíreach;

(e) coisctear ar an institiúid glacadh le taiscí faoi chumhdach mar a shainmhínítear iad i bpointe (5) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12];

(f) tá a gníomhaíochtaí teoranta don Bhallstát ina bhfuil a ceannoifig suite;

(g) tá luach iomlán shócmhainní na hinstitiúide níos lú ná EUR 30 billiún;

(h) tá an cóimheas idir méid iomlán de shócmhainní na hinstitiúide agus OTI an Bhallstáit lena mbaineann níos lú ná 20 %

(i) tá ábharthacht shuntasach ag an institiúid le geilleagar intíre an Bhallstáit lena mbaineann.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar cé acu a leanann institiúid atá faoi réir gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 148 de na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír a chomhlíonadh nó nach leanann.

5b. Ní bheidh feidhm ag an treoir seo maidir le catagóirí institiúidí i mBallstát, i gcás ina mbunóidh an Coimisiún le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 148, ar bhonn faisnéise a bhfuil fáil aige uirthi go gcáilíonn institiúidí na gcatagóirí sin ina gcomhair chreidmheasa faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus go gcomhlíonann siad gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is institiúidí airgeadais comhair iad;

(b) tá a mballraíocht srianta le foireann comhaltaí a bhfuil gnéithe nó leasanna pearsanta comhchoiteanna réamhshainithe acu;

---

[12] Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

(c) is dá gcomhaltaí agus dóibh sin amháin atá cead acu seirbhísí creidmheasa agus airgeadais a sholáthar;

(d) is óna gcomhaltaí amháin atá cead acu glacadh le taiscí nó cistí inaisíoctha agus cáilíonn na taiscí sin mar thaiscí cumhdaithe faoi phointe 5 d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE;

(e) níl cead acu ach na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 1 go pointe 6 agus i bpointe 15 d'Iarscríbhinn I den Treoir seo a dhéanamh;

(f) tá siad faoi réir ceanglas stuamachta leordhóthanach agus éifeachtach, lena n-áirítear íoscheanglais caipitil, agus faoi réir creat rialála maoirseachta lena ngabhann éifeacht chomhchosúil leis an gcreat arna bhunú faoi dhlí an Aontais Eorpaigh;

(g) ní théann luach comhiomlán na sócmhainní faoin gcatagóir institiúidí sin thar 3 % d'OTI an Bhallstáit lena mbaineann agus nach dtéann luach comhiomlán de shócmhainní institiúidí aonair thar EUR 100 milliún;

(h) Is don Bhallstát ina bhfuil a gceannoifig suite agus don Bhallstát sin amháin atá a gcuid gníomhaíochtaí teoranta.

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú rialta ar cé acu a leanann catagóir institiúidí atá faoi réir gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 148 de na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír a chomhlíonadh nó nach leanann.".

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

"6. Déileálfar leis na heintitis dá dtagraítear i bpointe (1) agus i bpointí (3) go (24) de mhír 5 agus sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le mír 5a agus i mír 5b den Airteagal seo mar institiúidí airgeadais chun críoch Airteagal 34 agus Theideal VII, Caibidil 3.".

(d) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

" Faoi cheann [5 bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an liosta a leagtar amach in Airteagal 2(5) agus déanfaidh sé a mheas an bhfuil na cúiseanna a bhí leis na heintitis a chur ar an liosta bailí fós, an creat dlíthiúil náisiúnta agus an mhaoirseacht atá infheidhme maidir leis na heintitis ar an liosta, cineál agus cáilíocht chumhdach taiscí na n-eintiteas ar an liosta agus, i gcás eintitis den chineál sin a shonraítear i mír 2(5a) agus 2(5b) agus na critéir a thuairiscítear iontu a chur san áireamh freisin.".

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

"(60) ciallaíonn 'údarás réitithe' údarás réitithe mar a shainmhínítear é i bpointe (18) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(61) ciallaíonn "institiúid a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda léi" (G-SII) G-SII mar a shainmhínítear í i bpointe (132) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 575/2013;

(62) ciallaíonn "institiúid a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda léi agus nach institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í" (G-SII neamh-Eorpach) G-SII neamh-Eorpach mar a shainmhínítear i bpointe (133) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

(63) ciallaíonn "grúpa" grúpa mar a shainmhínítear é i bpointe (137) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(64) ciallaíonn "grúpa tríú tír" grúpa tríú tír a mbunaítear an máthairghnóthas i dtríú tír.

(b) cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

"3. Chun ceanglais na Treorach seo agus ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite agus chun maoirseacht a fheidhmiú ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir leis an Treoir seo agus i gcomhréir le Rialachán (AE) 575/2013, déanfaidh na téarmaí "institiúid", "máthairinstitiúid i mBallstát", "máthairinstitiúid AE" agus "máthairghnóthas" tagairt freisin do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus do chuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha atá faoi réir na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite agus arna n-údarú i gcomhréir le hAirteagal 21a.".

(3) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

"8. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na húdaráis sin, i gcás ina bhfuil cumhacht an réitigh ag údaráis seachas na húdaráis inniúla, ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis inniúla agus go mbeidh siad ag dul i gcomhairle leo maidir le pleananna réitigh a ullmhú agus i ngach cás eile nuair is gá sin sa Treoir seo, i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] nó i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.".

(4) Leasaítear Airteagal 8(2) mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

" (a) an fhaisnéis atá le cur ar fáil do na húdaráis inniúla san iarratas chun institiúidí creidmheasa a údarú, lena n-áirítear clár na n-oibríochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 10 agus an fhaisnéis is gá do na ceanglais maidir le húdarú arna leagan síos ag na Ballstáit agus arna gcur in iúl d'ÚBE i gcomhréir le mír 1";

---

[13] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus do réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu, nó, i gcás nach bhfuil aon sealúchais cháilitheacha ann, maidir leis an 20 scairshealbhóir nó comhalta is mó, de bhun Airteagal 14; agus".

(5) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le taiscí nó cistí inaisíoctha eile a ghlacadh ag aon cheann den méid seo a leanas:

(a) Ballstát;

(b) údarás réigiúnach nó údarás áitiúil Ballstáit;

(c) comhlachtaí poiblí idirnáisiúnta ina bhfuil Ballstát amháin nó níos mó ná sin ina gcomhaltaí;

(d) daoine nó gnóthais atá i mbun an gnó a thosú agus a shaothrú arna chumhdach go sainráite le dlí an Aontais Eorpaigh, seachas leis an Treoir seo agus le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(e) eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(5) lena rialaítear an ghníomhaíocht acu faoin dlí náisiúnta.".

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*"Airteagal 10*
*Clár na n-oibríochtaí agus an struchtúr eagraíochtúil*

Éileoidh na Ballstáit go ngabhfaidh clár oibríochtaí le hiarratais ar údarú ar clár oibríochtaí é lena leagtar amach na cineálacha gnó atáthar ag brath a dhéanamh agus struchtúr eagraíochtúil na hinstitiúide creidmheasa, lena n-áirítear na máthairghnóthais, cuideachta sealbhaíochta airgeadais agus cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha laistigh den ghrúpa a shonrú.".

(7) In Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Diúltóidh na húdaráis inniúla don údarú gníomhaíocht institiúide creidmheasa a thosú más rud é, i ndiaidh an gá a chur san áireamh atá le bainistíocht fhónta agus stuama institiúide creidmheasa, nach bhfuil siad sásta faoi oiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 23(1). Beidh feidhm ag Airteagal 23(2) agus ag Airteagal 23(3) agus ag Airteagal 24.".

(8) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) ní chomhlíonann an institiúid na ceanglais stuamachta a thuilleadh a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair agus i gCuid a Sé, cé is moite de na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92a agus in Airteagal 92b, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó arna bhforchur faoi Airteagal 104(1)(a) nó Airteagal 105 den Treoir seo nó ní féidir bheith ag brath ar an institiúid a thuilleadh chun a hoibleagáidí

a chomhlíonadh i leith a cuid creidiúnaithe, agus, go háirithe, ní thugann sí urrús a thuilleadh le haghaidh na sócmhainní a chuir a taisceoirí faoina cúram.".

(9) cuirtear isteach Airteagal 21a agus Airteagal 21b mar a leanas:

*"Airteagal 21a*
*Cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a údarú*

1. Éileoidh na Ballstáit go bhfaighidh cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha údarú ón maoirseoir comhdhlúthaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 111.

I gcás nach ionann an maoirseoir comhdhlúthaithe agus an t-údarás inniúil sa Bhallstát inar bunaíodh an chuideachta sealbhaíochta airgeadais agus an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, rachaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhairle leis an údarás inniúil.

2. Beidh faisnéis san iarratas ar údarú dá dtagraítear i mír 1 faoin méid seo a leanas:

(a) struchtúr eagraíochtúil an ghrúpa a bhfuil an chuideachta sealbhaíochta airgeadais agus an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha mar chuid de, ina sonraítear na fochuideachtaí go soiléir agus, i gcás inarb infheidhme, na máthairghnóthais;

(b) na ceanglais maidir le stiúradh éifeachtach an ghnó agus ionad na ceannoifige a chomhlíonadh a leagtar amach in Airteagal 13;

(c) na ceanglais maidir le scairshealbhóirí agus comhaltaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 14.

3. Ní fhéadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe údarú a dheonú ach amháin i gcás ina mbeidh sé sásta go bhfuil gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

(a) is féidir leis an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais nó leis an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha atá faoi réir na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin;

(b) ní chuireann an chuideachta sealbhaíochta airgeadais ná an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha bac ar stiúradh éifeachtach na bhfo-institiúidí nó na máthairghnóthas.

4. Éileoidh maoirseoirí comhdhlúthaithe cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha go gcuirfidh siad faisnéis ar fáil dóibh is gá dóibh chun maoirseacht a dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúil an ghrúpa agus ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le húdarú dá dtagraítear san Airteagal seo.

5. Ní fhéadfaidh na maoirseoirí comhdhlúthaithe an t-údarú a deonaíodh do chuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha a

tharraingt siar ach amháin i gcás ina ndéanfaidh cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an méid seo a leanas:

(a) ní úsáideann sí an t-údarú laistigh de 12 mhí, go dtréigeann sí an t-údarú go sainráite nó go bhfuil a cuid fochuideachtaí ar cuideachtaí iad go léir díolta aici;

(b) fuair sé údarú trí ráitis bhréagacha a dhéanamh nó ar aon mhodh neamhrialta eile;

(c) ní chomhlíonann sé na coinníollacha a thuilleadh faoinar deonaíodh an t-údarú;

(d) tá sí faoi réir na gceanglas a leagtar síos sa Treoir seo agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ar bhonn comhdhlúite agus nach gcomhlíonann sí na ceanglais maidir le stuamacht a thuilleadh a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair agus i gCuid a Sé de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó arna bhforchur faoi Airteagal 104(1)(a) nó Airteagal 105 den Treoir seo nó ní féidir bheith ag brath ar an institiúid a thuilleadh chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh i leith a cuid creidiúnaithe;

(e) tagann sí faoi cheann de na cásanna eile lena bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir le húdarú a tharraingt siar; nó

(f) déanann sí ceann de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 67(1).

*Airteagal 21b*
*Máthairghnóthas AE idirmheánach*

1. Éileoidh na Ballstáit go mbeidh máthairghnóthas AE idirmheánach arna bhunú san Aontas ag dhá cheann de na hinstitiúidí san Aontas nó ag níos mó ná sin atá mar chuid den ghrúpa tríú tíre céanna.

2. Éileoidh na Ballstáit ar mháthairghnóthas AE idirmheánach san Aontas go bhfaighidh sé údarú mar institiúid i gcomhréir le hAirteagal 8, nó mar chuideachta sealbhaíochta airgeadais nó mar chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 21a.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus mír 2 i gcás ina mbeidh luach iomlán sócmhainní an ghrúpa tríú tír san Aontas níos ísle ná EUR 30 billiún ach amháin i gcás inar G-SII neamh-Eorpach an grúpa tríú tír.

4. Chun críocha an Airteagail seo, áireofar na nithe seo a leanas ar luach iomlán sócmhainní an ghrúpa tríú tír san Aontas:

(a) méid iomlán na sócmhainní atá ag gach institiúid den ghrúpa tríú tír san Aontas a thiocfaidh as a gclár comhardaithe comhdhlúite; agus

(b) méid iomlán na sócmhainní atá ag gach brainse den ghrúpa tríú tíre a údaraítear san Aontas.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl d'ÚBE gach údarú a dheonaítear de bhun mhír 2.

6. Foilseoidh ÚBE ar a shuíomh gréasáin an liosta de gach máthairghnóthas AE idirmheánach ar deonaíodh údarú dóibh san Aontas.

Áiritheoidh na húdaráis inniúla go bhfuil máthairghnóthas AE idirmheánach aonair do gach institiúid atá mar chuid den ghrúpa tríú tíre céanna.".

(10) In Airteagal 23(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)

"(b) clú, eolas, scileanna agus taithí, mar a leagtar amach in Airteagal 91(1), aon chomhalta den chomhlacht bainistíochta a stiúrfaidh gnó na hinstitiúide creidmheasa mar thoradh ar an éadáil bheartaithe;".

(11) In Airteagal 47, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra d'ÚBE faoin méid seo a leanas:

(a) gach údarú maidir le brainsí a deonaíodh d'institiúidí creidmheasa a bhfuil a gceannoifig i dtríú tír;

(b) méid iomlán sócmhainní agus dliteanas atá ag brainsí údaraithe institiúidí creidmheasa a bhfuil a gceannoifig i dtríú tír mar a thuairiscítear go tréimhsiúil.

Foilseoidh ÚBE ar a shuíomh gréasáin an liosta de na brainsí tríú tír a údaraíodh chun oibriú sna Ballstáit, lena sonraítear an Ballstát agus méid iomlán sócmhainní gach brainse.".

(12) In Airteagal 75, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Baileoidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a nochtar i gcomhréir leis na critéir um nochtadh arna mbunú i bpointí (g), (h), (i) agus (k) d'Airteagal 450(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus bainfidh siad úsáid aisti chun treochtaí agus cleachtais luach saothair a thagarmharcáil. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin ar fáil d'ÚBE."

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 84:

*"Airteagal 84*
*Riosca úis a thagann as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála*

1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfidh institiúidí córais inmheánacha i bhfeidhm nó go mbainfidh siad úsáid as an modheolaíocht chaighdeánaithe chun na rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú a thiocfaidh as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis a mbeadh tionchar acu ar luach eacnamaíoch gnáthscaireanna agus ar ghlanioncam úis na ngníomhaíochtaí neamhthrádála atá ag institiúid.

2. Rioscaí a thiocfaidh as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar raonta difríochta creidmheasa a mbeadh tionchar acu ar luach eacnamaíoch gnáthscaireanna agus ar ghlanioncam úis na ngníomhaíochtaí neamhthrádála atá ag institiúid, áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfidh institiúidí córais i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

3. Féadfaidh údaráis inniúla ceangal a chur ar institiúidí úsáid a bhaint as an modheolaíocht chaighdeánaithe dá dtagraítear i mír 1 i gcás nach mbeidh na córais inmheánacha arna gcur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí sásúil chun na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú.

4. Chun críocha an Airteagail seo, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar mhionsonraí modheolaíochta caighdeánaithe, a fhéadfaidh institiúidí a úsáid chun na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 a mheasúnú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

5. Eiseoidh ÚBE treoirlínte chun an méid seo a leanas a shainiú:

(a) na critéir faoina ndéanfaidh córas inmheánach institiúide measúnú ar na rioscaí dá dtagraítear i mír 1;

(b) na critéir faoina ndéanfaidh institiúidí na rioscaí dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú;

(c) na critéir faoina ndéanfaidh institiúidí na rioscaí dá dtagraítear i mír 2 a mheasúnú agus faireachán a dhéanamh orthu;

(d) na critéir faoina gcinnfear cé acu de na córais inmheánacha arna gcur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí chun críocha mhír 1 nach bhfuil sásúil dá dtagraítear i mír 3;

eiseoidh ÚBE na treoirlínte sin faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]."

(14) In Airteagal 85, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

"1. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfidh institiúidí beartais agus próisis i bhfeidhm chun an neamhchosaint ar riosca oibriúcháin a mheasúnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear an riosca de bharr samhaltú agus na rioscaí a thiocfaidh as seachfhoinsiú, agus chun teagmhais ard-déine minicíochta íseal a chumhdach. Cuirfidh institiúidí in iúl cad é atá i gceist le riosca oibriúcháin chun críocha na mbeartas agus na nósanna imeachta sin.".

(15) Leasaítear Airteagal 92 mar a leanas:

(a) scriostar mír 1.

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"Áiritheoidh údaráis inniúla, agus iad ag bunú agus ag cur i bhfeidhm na mbeartas luacha saothair iomláin, lena n-áirítear tuarastail agus sochair phinsin lánroghnacha, do chatagóirí foirne a chuimseoidh bainistíocht shinsearach, glacadóirí riosca, foireann atá i mbun feidhmeanna rialaithe agus aon fhostaí a fhaigheann luach

saothair iomlán a chuireann sa réim chéanna luacha saothair iad leis an mbainistíocht shinsearach agus glacadóirí riosca, a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar a bpróifíl riosca, áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh institiúidí na prionsabail seo a leanas ar dhóigh atá oiriúnach dá méid, dá n-eagrúchán inmheánach agus do chineál, raon feidhme agus do chastacht a gcuid gníomhaíochtaí.".

(16) Leasaítear Airteagal 94 mar a leanas:

(a) i mír 1(l), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) scaireanna nó, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann, leasanna úinéireachta coibhéiseacha; "(i) nó ionstraimí atá nasctha le scaireanna, nó, faoi réir struchtúr dlíthiúil na hinstitiúide lena mbaineann, ionstraimí neamhairgid coibhéiseacha;".

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

"3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag na prionsabail a leagtar amach i bpointe (l), (m) agus sa dara fomhír de phointe (o) maidir leis an méid seo a leanas:

(c) institiúid a bhfuil luach a sócmhainní ar an meán cothrom le nó níos lú ná EUR 5 billiún ar feadh na tréimhse ceithre bliana go díreach roimh an mbliain airgeadais reatha;

(d) ball foirne nach dtéann a luach saothair inathraitheach bliantúil thar EUR 50.000 agus nach bhfuil sé níos mó ná aon cheathrú de luach saothair iomlán bliantúil an bhaill foirne.

De mhaolú ar phointe (a), féadfaidh údarás inniúil a chinneadh nach mbeidh institiúidí a bhfuil luach comhiomlán de shócmhainní faoi bhun na tairsí dá dtagraítear i bpointe (a) faoi réir an mhaolaithe ar bhonn chineál agus raon feidhme a ngníomhaíochtaí, a n-eagrúchán inmheánach nó, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn shaintréithe an ghrúpa ina bhfuil siad.

De mhaolú ar phointe (b), féadfaidh údarás inniúil a chinneadh nach mbeidh baill foirne a bhfuil a luach saothair inathraitheach bliantúil de shócmhainní faoi bhun na tairsí agus an sciar dá dtagraítear i bpointe (b) faoi réir an mhaolaithe i ngeall ar shonraíochtaí an mhargaidh náisiúnta i dtéarmaí cleachtas luacha saothair nó mar gheall ar chineál na bhfreagrachtaí agus ar phróifíl phoist na mball foirne sin.

4. Faoi [ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le ÚBE, athbhreithniú agus cuirfidh sé tuarascáil i dtoll a chéile ar chur i bhfeidhm mhír 3 agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

5. Glacfaidh ÚBE treoirlínte a éascóidh cur chun feidhme mhír 3 agus a áiritheoidh go gcuirfear i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach í."

(17) In Airteagal 97(1), scriostar pointe (b).

(18) Leasaítear Airteagal 98 mar a leanas:

(a) i mír (1), scriostar pointe (j);

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Áireofar leis an athbhreithniú agus leis an measúnú a dhéanfaidh na húdaráis inniúla neamhchosaint institiúidí ar riosca ráta úis a thagann as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála. Beidh gá le bearta maoirseachta ar a laghad i gcás institiúidí a laghdaíonn luach eacnamaíoch a ngnáthscaireanna dá dtagraítear in Airteagal 84(1) faoi níos mó ná 15% dá gcaipiteal Leibhéal 1 mar thoradh ar athrú tobann gan choinne ar rátaí úis mar a leagtar amach in aon cheann de na sé chás maoirseachta suaite a chuirtear i bhfeidhm ar rátaí úis.".

(c) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

5a. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú chun críche mhír 5:

(a) sé chás maoirseachta suaite a chuirtear i bhfeidhm ar rátaí úis i leith gach airgeadra;

(b) toimhdí samhaltaithe agus paraiméadracha comhchoiteanna a léireoidh institiúidí nuair a ríomhfaidh siad luach eacnamaíoch gnáthscaireanna faoi mhír 5;

(c) cé acu a bheidh gá le bearta maoirseachta freisin i gcás ina laghdóidh glanioncam úis na n-institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 84(1) mar thoradh ar athruithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis nó nach mbeidh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.".

(19) In Airteagal 99(2), scriostar pointe (b);

(20) Scriostar Airteagal 103.

(21) Leasaítear Airteagal 104 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1agus mhír 2:

"1. Chun críocha Airteagail 97, 98(4), 101(4) agus 102 agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur i bhfeidhm, beidh ar a laghad na cumhachtaí seo a leanas ag na húdaráis inniúla:

(a) a chur de cheangal ar institiúidí cistí dílse breise a bheith acu os cionn na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 104a;

(b) a chur de cheangal orthu socruithe, próisis, sásraí agus straitéisí a dhaingniú a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 73 agus le hAirteagal 74;

(c) a chur de cheangal ar institiúidí plean a thíolacadh chun comhlíonadh na gceanglas maoirseachta de bhun na Treorach seo agus Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a thabhairt ar ais agus spriocdháta a leagan síos chun an plean a chur chun feidhme, lena n-áirítear feabhsuithe ar an bplean sin maidir leis an raon feidhme agus an spriocdháta;

(d) a chur de cheangal ar institiúidí beartas soláthair ar leith nó láimhseáil sócmhainní i dtéarmaí ceanglas cistí dílse a chur i bhfeidhm;

(e) gnó, oibríochtaí nó líonra institiúidí a shrianadh nó teorainn a chur leo nó dífheistiú gníomhaíochtaí a iarraidh a chuirfidh sláine institiúide faoi rioscaí iomarcacha;

(f) a chur de cheangal ar institiúidí laghdú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais institiúidí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe;

(g) a chur de cheangal ar institiúidí luach saothair inathraitheach mar chéatadán de ghlanioncaim a shrianadh i gcás ina mbeidh sé ar neamhréir le bonn caipitil slán a chaomhnú;

(h) a chur de cheangal ar institiúidí glanbhrabúis a úsáid chun na cistí dílse a threisiú;

(i) dáileacháin nó íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag institiúid do scairshealbhóirí, do chomhaltaí nó do shealbhóirí ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a shrianadh nó iad a thoirmeasc i gcás nach ionann an toirmeasc sin agus mainneachtain na hinstitiúide;

(j) ceanglais maidir le tuairisciú breise nó tuairisciú níos minice a fhorchur, lena n-áirítear tuairisciú ar shuíomhanna caipitil agus leachtachta;

(k) ceanglais leachtachta shonracha a fhorchur, lena n-áirítear srianta ar neamhréireanna aibíochta idir sócmhainní agus dliteanais;

(l) a chur de cheangal orthu nochtadh breise a dhéanamh ar bhonn *ad hoc* amháin

2. Chun críocha mhír 1(j), ní fhéadfaidh údaráis inniúla ceanglais maidir le tuairisciú breise nó tuairisciú níos minice a fhorchur ar institiúidí ach amháin i gcás nach faisnéis dhúblach í an fhaisnéis a bheidh le tuairisciú agus go gcomhlíonfar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonadh ceachtar de na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 102(1);

(b) measann an t-údarás inniúil go bhfuil sé réasúnta na ceanglais sin a fhorchur chun fianaise a bhailiú dá dtagraítear in Airteagal 102(1)(b):

(c) beidh gá leis an bhfaisnéis bhreise ar feadh thréimhse chlár scrúdaithe maoirseachta na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagal 99.

Measfar gur faisnéis dhúblach í an fhaisnéis a fhéadfar a éileamh ar institiúidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás ina mbeidh an fhaisnéis chéanna nó an fhaisnéis chéanna go substaintiúil ar fáil don údarás inniúil cheana féin, i gcás ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin a sholáthar nó i gcás ina bhféadfaidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis sin a fháil trí aon mhodh eile seachas ceanglas ar institiúid maidir lena tuairisciú. I gcás ina mbeidh faisnéis ar fáil don údarás inniúil i bhformáid éagsúil nó i leibhéal gráinneachta seachas an fhaisnéis bhreise a bheidh le tuairisciú, ní éileoidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis bhreise sin i gcás nach gcuirfidh an fhormáid éagsúil ná an ghráinneacht sin cosc air an fhaisnéis a sholáthar atá comhchosúil go substaintiúil.";

(b) scriostar mír 3.

(22) Cuirtear isteach an tAirteagal 104a, an tAirteagal 104b agus an tAirteagal 104c seo a leanas:

*"Airteagal 104a*
*Ceanglas cistí dílse breise*

"1. Ní fhorchuirfidh na húdaráis inniúla an ceanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(a) ach amháin i gcás ina ndeimhneoidh siad, ar bhonn na n-athbhreithnithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 97 agus le hAirteagal 101, aon cheann de na cásanna seo a leanas i leith institiúid aonair:

(a) tá an institiúid neamhchosantach ar rioscaí nó ar ghnéithe de rioscaí nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach faoi na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a shonraítear i mír 2;

(b) ní chomhlíonann an institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 73 agus in Airteagal 74 den Treoir seo nó in Airteagal 393 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ní dócha go bhfeabhsófar go leordhóthanach na socruithe, próisis, sásraí agus straitéisí laistigh de thréimhse ama iomchuí trí bhearta riaracháin eile a chur i bhfeidhm agus trí na bearta sin amháin;

(c) meastar nach leor na coigeartuithe dá dtagraítear in Airteagal 98(4) go bhféadfaidh an institiúid a suíomhanna a dhíol nó a fhálú amach laistigh de thréimhse ghearr gan caillteanais ábhartha a thabhú faoi ghnáthchoinníollacha margaidh;

(d) léirítear leis an measúnú a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 101(4) gur cosúil gur ceanglais cistí dílse neamhleora an toradh a bheidh ar neamh-chomhlíonadh na gceanglas maidir leis an gcur chuige ceadaithe a chur i bhfeidhm;

(e) mainníonn an institiúid leibhéal leordhóthanach cistí dílse breise a bhunú nó a choinneáil slán mar a leagtar amach in Airteagal 104b(1).

Ní fhorchuirfidh na húdaráis inniúla an ceanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(a) chun rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha a chumhdach.

2. Chun críocha mhír 1(a), ní mheasfar gur rioscaí nó gnéithe de rioscaí iad ach amháin más rioscaí nó gnéithe de rioscaí iad nach gcumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach leis na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcás inarb airde méideanna, cineálacha agus dáileachán an chaipitil a mheasann an t-údarás inniúil a bheith leordhóthanach i ndiaidh athbhreithniú maoirseachta a dhéanfaidh na hinstitiúidí ar an measúnú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 73 ná ceanglais cistí dílse na hinstitiúide a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha na chéad fhomhíre, cumhdóidh an caipiteal a mheastar a bheith leordhóthanach gach riosca ábhartha nó gnéithe de na rioscaí sin nach bhfuil faoi réir ceanglas cistí dílse sonrach. Rioscaí nó gnéithe de rioscaí a eisiatar go sainráite ó na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is féidir na rioscaí sin nó na gnéithe de rioscaí sin a chur san áireamh.

Ní mheasfar rioscaí ar ráta úis a thiocfaidh as suíomhanna neamhthrádála a bheith ábhartha ach amháin i gcás ina laghdóidh luach eacnamaíoch gnáthscaireanna faoi níos mó ná 15% de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide mar thoradh ar aon cheann de na sé chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5) a chuirtear i bhfeidhm ar rátaí úis nó ar aon chás eile arna shainaithint ag ÚBE de bhun Airteagal 98(5)(c).

Ní áireofar ar na rioscaí dá dtagraítear i mír 1(a) rioscaí dá soláthraítear láimhseáil idirthréimhseach sa Treoir seo nó i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó rioscaí atá faoi réir forálacha marthanachta.

3. Cinnfidh na húdaráis inniúla leibhéal na gcistí dílse breise a cheanglaítear le hAirteagal 104(1)(a) mar an difríocht idir an caipiteal a mheastar a bheith leordhóthanach de bhun mhír 2 agus na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

4. Comhlíonfaidh an institiúid an ceanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(a) le hionstraimí cistí dílse faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar ar a laghad trí cheathrú den cheanglas cistí dílse breise le caipiteal Leibhéal 1;

(b) beidh ar a laghad trí cheathrú de chaipiteal Leibhéal 1 comhdhéanta de chaipiteal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

Ní bhainfear úsáid as cistí dílse arna n-úsáid chun an ceanglas cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(a) a chomhlíonadh chun aon cheann de na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná an ceanglas maoláin

chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128(6) den Treoir seo a chomhlíonadh.

De mhaolú ar an dara fomhír, féadfar úsáid a bhaint as an gceanglas cístí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104(1) arna bhforchur ag na húdaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nó ar ghnéithe de rioscaí nach gcumhdaítear go leordhóthanach le hAirteagal 92(1)(d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 chun an ceanglas maoláin chomhcheangailte dá dtagraítear in Airteagal 128(6) den Treoir seo a chomhlíonadh.

5. Tabharfaidh an t-údarás inniúil údar cuí i scríbhinn do gach institiúid leis an gcinneadh ceangal cistí dílse breise a fhorchur faoi Airteagal 104(1)(a) ar a laghad trí chuntas soiléir a thabhairt ar an measúnú iomlán ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 go mír 4. Áireofar air sin, sa chás a leagtar amach i mír 1(d), ráiteas sonrach le haghaidh na gcúiseanna lena measfar nach leor a thuilleadh treoir chaipitil a fhorchur.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar an chaoi a dtomhaisfear na rioscaí agus na gnéithe de rioscaí dá dtagraítear i mír 2.

Áiritheoidh ÚBE go bhfuil na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála comhréireach i bhfianaise an méid seo a leanas:

(a) an t-ualach cur chun feidhme atá ar institiúidí agus ar údaráis inniúla; agus

(b) is féidir nuair a chuirtear an leibhéal ginearálta níos airde de cheanglais chaipitil i bhfeidhm i gcás nach mbainfidh institiúidí úsáid as samhlacha inmheánacha go bhféadfar go dtabharfar údar le ceanglais caipitil níos ísle a fhorchur nuair a dhéantar measúnú ar rioscaí agus ar ghnéithe de rioscaí i gcomhréir le mír 2.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

I gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 6 a ghlacadh.

*Airteagal 104b*
*Treoir maidir le cistí dílse breise*

1. De bhun na straitéisí agus na próisis dá dtagraítear in Airteagal 73 agus tar éis dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, bunóidh institiúidí leibhéal cuí cístí dílse atá sách ard os cionn na gceanglas a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sa Treoir seo, lena n-áirítear na ceanglais cistí dílse breise arna bhforchur ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a), chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) nach mbeidh de thoradh ar luaineachtaí eacnamaíocha timthriallacha sárú ar na ceanglais sin; agus

(b) gur féidir le cistí dílse na hinstitiúide, gan sárú ar na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i gCuid a Trí, i gCuid a Ceathair, i gCuid a Cúig agus i gCuid a Seacht de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sna ceanglais cistí dílse breise arna bhforchur ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a), caillteanais ionchasacha a chomhshó a shainaithnítear de bhun an tástáil struis maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 100.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú rialta ar leibhéal na gcistí dílse a shocraíonn gach institiúid i gcomhréir le mír 1 agus torthaí na n-athbhreithnithe agus na meastóireachtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 97 agus le hAirteagal 101 a chur san áireamh, lena n-áirítear torthaí na dtástálacha struis dá dtagraítear in Airteagal 100.

3. Cuirfidh na húdaráis inniúla toradh an athbhreithnithe in iúl d'institiúidí dá bhforáiltear i mír 2. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla aon ionchas coigeartuithe ar leibhéal na gcistí dílse arna bhunú i gcomhréir le mír 1 a chur in iúl d'institiúidí.

4. Ní chuirfidh na húdaráis inniúla aon ionchas coigeartuithe ar leibhéal na gcistí dílse de bhun mhír 3 i gcásanna ina bhforchuirfear ceanglas cistí dílse breise de bhun Airteagal 104a in iúl d'institiúidí.

5. Ní bheidh institiúid a mhainníonn na hionchais a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh faoi réir na srianta dá dtagraítear in Airteagal 141.

*Airteagal 104c*
*Comhar le húdaráis réitithe tríú tír*

1. Rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle leis na húdaráis réitithe sula gcinnfear aon cheanglas cistí dílse breise dá dtagraítear in Airteagal 104(1)(a) agus sula gcuirfear in iúl d'institiúidí aon ionchas coigeartuithe ar leibhéal na gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 104b. Chun na gcríoch sin, soláthróidh na húdaráis inniúla gach faisnéis atá ar fáil do na húdaráis réitithe.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla an ceanglas cistí dílse breise arna fhorchur ar institiúidí de bhun Airteagal 104(1)(a) agus aon ionchas coigeartuithe ar leibhéal na gcistí dílse a chuirtear in iúl d'institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 104b in iúl do na húdaráis réitithe ábhartha.".

(23) Scriostar pointe (d) d'Airteagal 105.

(24) In Airteagal 108, scriostar mír 3.

(25) in Airteagal 109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 agus mhír 3

"2. Cuirfidh na húdaráis inniúla de cheangal ar na máthairghnóthais agus na fochuideachtaí atá faoi réir na Treorach seo na hoibleagáidí a leagtar amach in Roinn II den Chaibidil seo ar bhonn comhdhlúite nó fo-chomhdhlúite a chomhlíonadh, chun a áirithiú go bhfuil na socruithe, na próisis agus na sásraí a cheanglaítear le Roinn II den Chaibidil seo comhsheasmhach agus comhtháite agus gur féidir aon sonraí agus aon fhaisnéis atá ábhartha do chuspóir na maoirseachta a chur ar fáil. Go sonrach,

áiritheoidh siad go gcuirfidh na máthairghnóthais agus na fochuideachtaí atá faoi réir na Treorach seo na socruithe, na próisis agus na sásraí sin chun feidhme ina gcuid fochuideachtaí nach bhfuil faoi réir na Treorach seo, lena n-áirítear iad sin a bunaíodh in lárionaid airgeadais eischósta. Beidh na socruithe, na próisis agus na sásraí sin comhsheasmhach agus comhtháite freisin agus beidh na fochuideachtaí sin in ann aon sonraí agus aon fhaisnéis atá ábhartha do chuspóir na maoirseachta a chur ar fáil.

3. Ní bheidh oibleagáidí a d'eascair ó Roinn II den Chaibidil seo maidir le foghnóthais, nach bhfuil siad féin faoi réir na Treorach seo, infheidhme más féidir leis an máthairinstitiúid AE a léiriú do na húdaráis inniúla go bhfuil cur i bhfeidhm Roinn II neamhdhleathach faoi rialacha na tríú tíre ina bhfuil an fhochuideachta bunaithe.

(26) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 113:

*"Airteagal 113*
*Cinntí comhpháirteacha maidir le ceanglais stuamachta institiúid-sonracha*

1. Déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe agus na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhochuideachtaí máthairinstitiúid AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE gach a bhfuil ar a gcumas teacht ar chinneadh comhpháirteach maidir leis an méid seo a leanas:

(a) i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagal 73 agus Airteagal 97, leordhóthanacht leibhéal comhdhlúite na gcistí dílse a chinneadh atá i seilbh an ghrúpa institiúidí maidir lena staid airgeadais agus a phróifíl riosca agus leibhéal na gcistí dílse is gá chun Airteagal 104(1)(a) a chur i bhfeidhm ar gach eintiteas laistigh den ghrúpa institiúidí agus ar bhonn comhdhlúite;

(b) i dtaca le bearta chun aghaidh a thabhairt ar ábhair thábhachtacha agus ar thorthaí ábhartha a bhaineann le maoirseacht leachtachta agus a bhaineann le leordhóthanacht na heagraíochta freisin agus láimhseáil rioscaí mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 86 agus a bhaineann leis an ngá atá le ceanglais leachtachta institiúid-sonracha i gcomhréir le hAirteagal 105 den Treoir seo;

(c) i dtaca le haon ionchas coigeartuithe ar leibhéal comhdhlúite na gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 104b(3).

2. Déanfar na cinntí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) chun críocha mhír 1(a), laistigh de cheithre mhí tar éis don maoirseoir comhdhlúthaithe tuarascáil ina ndéantar an measúnú rioscaí ar an ngrúpa institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 104a a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil ábhartha eile;

(b) chun críocha mhír 1(b), laistigh de cheithre mhí tar éis don maoirseoir comhdhlúthaithe tuarascáil ina ndéantar an measúnú ar phróifíl riosca

leachtachta an ghrúpa institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 86 agus le hAirteagal 105 a thíolacadh;

(c) chun críocha mhír 1(c), laistigh de cheithre mhí tar éis don mhaoirseoir comhdhlúthaithe tuarascáil ina ndéantar an measúnú rioscaí ar an ngrúpa institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 104b a thíolacadh;

Déanfar breithniú cuí sna cinntí comhpháirteacha ar mheasúnú riosca na bhfochuideachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 73, 97, 104a agus 104b.

Leagfar amach na cinntí comhpháirteacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 i ndoiciméid ina mbeidh na cúiseanna iomlána a chuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe ar fáil don mháthairchuideachta AE. I gcás easaontú, rachaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhairle le ÚBE arna iarraidh sin d'aon cheann de na húdaráis inniúla eile atá i gceist. Féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe dul i gcomhairle le ÚBE as a stuaim féin.

3. Mura ndéantar cinneadh comhpháirteach den chineál sin idir na húdaráis inniúla laistigh de na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe cinneadh ar chur i bhfeidhm Airteagail 73, 86 agus 97, 104(1)(a), 104b agus 105 ar bhonn comhdhlúite tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar mheasúnú riosca na bhfochuideachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla ábhartha. Más rud é, ag deireadh na dtréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2, go bhfuil aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann tar éis an t-ábhar a chur faoi bhráid ÚBE de réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe a chinneadh siar ar feitheamh aon chinneadh a ghlacfaidh ÚBE de réir Airteagal 19(3) den Rialachán sin, agus glacfaidh sé a chinneadh i gcomhréir le cinneadh ÚBE. Measfar gurb iad na tréimhsí idir-réitigh de réir bhrí an Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh ÚBÉ an cinneadh laistigh de mhí amháin. Ní chuirfear an t-ábhar faoi bhráid ÚBE tar éis dheireadh na tréimhse ceithre mhí ná tar éis cinneadh comhpháirteach a bheith déanta.

Maidir leis na húdaráis inniúla faoi seach atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhochuideachtaí máthairinstitiúid chreidmheasa AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE ar bhonn aonair nó ar bhonn fo-chomhdhlúite tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar thuairimí agus ar ábhair amhrais an mhaoirseora chomhdhlúthaithe, déanfaidh siadsan an cinneadh ar chur i bhfeidhm Airteagail 73, 86, 97, 104(1)(a), 104b agus 105. Más rud é, ag deireadh aon cheann de na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2, go bhfuil aon cheann de na húdaráis inniúla lena mbaineann tar éis an t-ábhar a chur faoi bhráid ÚBE de réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, cuirfidh na húdaráis inniúla a gcinneadh siar ar feitheamh aon chinneadh a ghlacfaidh ÚBE de réir Airteagal 19(3) den Rialachán sin agus glacfaidh siad a gcinneadh i gcomhréir le cinneadh ÚBE. Measfar gurb iad na tréimhsí idir-réitigh de réir bhrí an Rialacháin sin na tréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2. Déanfaidh ÚBÉ an cinneadh laistigh de mhí amháin. Ní chuirfear an t-ábhar faoi bhráid ÚBE i ndiaidh dheireadh na tréimhse ceithre mhí nó i ndiaidh cinneadh comhpháirteach a bheith déanta.

Leagfar an cinneadh amach i ndoiciméad ina mbeidh na cúiseanna iomlána agus cuirfear san áireamh ann measúnú riosca, tuairimí agus ábhair amhrais na n-údarás inniúil eile, arna gcur in iúl le linn na dtréimhsí ama dá dtagraítear i mír 2. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an doiciméad ar fáil do na húdaráis inniúla go léir lena mbaineann agus don máthairinstitiúid AE.

I gcás ina ndeachaigh siad i gcomhairle le ÚBE, déanfaidh na húdaráis inniúla go léir a chomhairle a mheas, agus míneoidh siad aon imeacht suntasach ón gcomhairle sin.

4. Aithneofar na cinntí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 1 agus na cinntí a rinne na húdaráis inniúla in éagmais cinneadh comhpháirteach dá dtagraítear i mír 3 mar chinntí cinntitheacha agus cuirfidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann i bhfeidhm iad.

Déanfar na cinntí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 1 agus aon chinneadh arna dhéanamh in éagmais cinneadh comhpháirteach i gcomhréir le mír 3, a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil nó, in imthosca eisceachtúla, i gcás ina gcuirfidh údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhochuideachtaí máthairinstitiúide AE nó, máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, iarratas lánréasúnaithe i scríbhinn chuig an maoirseoir comhdhlúthaithe chun an cinneadh a thabhairt cothrom le dáta maidir le hAirteagal 104(1)(a), Airteagal 104b agus Airteagal 105 a chur i bhfeidhm. Sa chás deiridh, féadfar aghaidh a thabhairt ar an gcinneadh a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn déthaobhach idir an maoirseoir comhdhlúthaithe agus an t-údarás inniúil a iarrfaidh amhlaidh.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú a bhaineann leis an gcinneadh comhpháirteach a chur i bhfeidhm dá dtagraítear san Airteagal seo, maidir le hAirteagail 73, 86, 97, 104(1)(a), 104b agus 105 d'fhonn cinntí comhpháirteacha a éascú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Iúil 2014.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.".

(27) Cuirtear an abairt seo a leanas leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 116:

"Bunófar coláistí maoirseoirí freisin i gcás ina mbeidh gach fochuideachta máthairinstitiúide AE, máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE lonnaithe i dtríú tír."

(28) In Airteagal 119, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoi réir Airteagal 21a, glacfaidh na Ballstáit aon bhearta is gá chun na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha a chur faoi mhaoirseacht chomhdhlúite."

(29) In Airteagal 120, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. I gcás ina mbeidh cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha faoi réir forálacha coibhéiseacha faoin Treoir seo agus faoi Threoir 2009/138/CE, go háirithe i dtéarmaí maoirseachta rioscabhunaithe, féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe, le comhaontú mhaoirseoir an ghrúpa in earnáil an árachais, gan ach forálacha na Treorach maidir leis an earnáil airgeadais is mó tábhacht mar a shainmhínítear í in Airteagal 3(2) de Threoir 2002/87/CE a chur i bhfeidhm ar an gcuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha sin.".

(30) In Airteagal 131, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás atá i gceannas ar institiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIIanna) a shainaithint, ar bhonn comhdhlúite, agus, institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéimeach leo san Aontas (O-SIIanna) a shainaithint ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite, i gcás inarb infheidhme. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a bheidh san údarás sin. Féadfaidh na Ballstáit níos mó ná údarás amháin a ainmniú.

beidh aon cheann díobh seo a leanas ina G-SIIanna:

(a) grúpa a mbeidh máthairinstitiúid AE, máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE i gceannas air; nó

(b) institiúid nach fochuideachta máthairinstitiúide AE, fochuideachta máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE ná fochuideachta máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE í;

grúpa a mbeidh máthairinstitiúid AE, máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE i gceannas air;

(31) In Airteagal 141, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 go mír 6:

"1. Ní dhéanfaidh institiúid a chomhlíonann an ceanglas maoláin chomhcheangailte dáileachán i ndáil le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéad a laghdódh sé a caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 go leibhéal nach gcomhlíontar an ceanglas maoláin chomhcheangailte a thuilleadh.

2. Ríomhfaidh institiúid a mhainníonn an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh an tUasmhéid Indáilte ('UI') i gcomhréir le mír 4 agus cuirfidh sí an an tUasmhéid Indáilte sin in iúl don údarás inniúil.

I gcás ina mbeidh an chéad fhomhír infheidhme, ní dhéanfaidh an institiúid aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas sula mbeidh an tUasmhéid Indáilte ríofa aici:

(a) dáileachán a dhéanamh i ndáil le caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) oibleagáid a chruthú chun luach saothair inathraitheach nó sochair phinsin lánroghnacha a íoc nó luach saothair inathraitheach a íoc más rud é gur cruthaíodh an oibleagáid chun íoc tráth ar mhainnigh an institiúid na ceanglais maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh;

(c) íocaíochtaí a dhéanamh ar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1.

3. I gcás ina mainneoidh institiúid a ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh nó bheith os a chionn, ní dháilfidh sí níos mó ná an tUasmhéid Indáilte a ríomhtar i gcomhréir le mír 4 trí aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den dara fomhír de mhír 2. Ní dhéanfaidh institiúid aon chuid den ghníomhaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) den dara fomhír de mhír 2 sula mbeidh na híocaíochtaí atá dlite faoi ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 íoctha aici.

4. Ríomhfaidh institiúidí an tUasmhéid Indáilte tríd an tsuim arna ríomh i gcomhréir le mír 5 a iolrú faoin bhfachtóir arna chinneadh i gcomhréir le mír 6. Laghdófar an tUasdáilte indáilte le haon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den dara fomhír de mhír 2.

5. Beidh sa tsuim atá le hiolrú i gcomhréir le mír 4 na nithe seo a leanas:

(a) brabúis eatramhacha nach n-áirítear ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a gnóthaíodh ón gcinneadh is déanaí a rinneadh ar dháileachán brabús nó aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c) den dara fomhír de mhír 2 den Airteagal seo;

móide

(a) brabúis deiridh bliana nach n-áirítear ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a gnóthaíodh ón gcinneadh is déanaí a rinneadh ar dháileachán brabús nó aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) nó i bpointe (c) den dara fomhír de mhír 2 den Airteagal seo;

lúide

(b) méideanna a bheadh le híoc i gcáin dá mba rud é go mbeadh na hítimí a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo le coimeád.

6. Déanfar an fachtóir a chinneadh mar a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna choimeád ag an institiúid nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh faoi Airteagal 92a agus i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi Airteagal 45c agus faoi Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE agus faoi Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, laistigh den chéad cheathairíl (sin an cheathairíl is ísle) den cheanglas maoláin chomhcheangailte, is é 0 an fachtóir a bheidh ann;

(b) i gcás ina mbeidh caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna choimeád ag an institiúid nach n-úsáidtear chun aon cheann de na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh faoi Airteagal 92a agus i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe

(c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi Airteagal 45c agus faoi Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE agus faoi Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, laistigh den dara ceathairíl den cheanglas maoláin chomhcheangailte, is é 0.2 an fachtóir a bheidh ann;

(c) i gcás ina mbeidh caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna choimeád ag an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh faoi Airteagal 92a agus i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi Airteagal 45c agus faoi Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE agus faoi Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, laistigh den tríú ceathairíl den cheanglas maoláin chomhcheangailte, is é 0.4 an fachtóir a bheidh ann;

(d) i gcás ina mbeidh caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna choimeád ag an institiúid nach n-úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh faoi Airteagal 92a agus i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, faoi Airteagal 45c agus faoi Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE agus faoi Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na neamhchosanta ar riosca a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, laistigh den cheathrú ceathairíl (sin an cheathairíl is airde) den cheanglas maoláin chomhcheangailte, is é 0.6 an fachtóir a bheidh ann;

Déanfar cuimsí íochtair agus uachtair gach ceathairíl den cheanglas maoláin chomhcheangailte a ríomh mar a leanas:

$$Cuimse\ íochtair\ den\ cheathairíl = \frac{\text{Ceanglas maoláin chomhcheangailte}}{4} \times (Qn - 1)$$

$$Cuimse\ uachtair\ den\ cheathairíl = \frac{\text{Ceanglas maoláin chomhcheangailte}}{4} \times Qn$$

Léiríonn "$Q_n$" orduimhir na ceathairíle lena mbaineann."

(32) Cuirtear isteach an tAirteagal 141a seo a leanas:

*"Airteagal 141a*

*Mainneachtain maidir leis an gceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh*

1. Measfar go mainneoidh institiúid an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh chun críocha Airteagal 141 i gcás nach mbeidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe aici i méid agus den cháilíocht is gá chun an ceanglas a shainmhínítear in Airteagal 128(6) agus gach ceann de na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh san am céanna:

(a) Airteagal 92(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an ceanglas in Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo;

(b) Airteagal 92(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an ceanglas in Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo;

(c) Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an ceanglas in Airteagal 104(1)(a) den Treoir seo;

(d) Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus in Airteagal 45c agus in Airteagal 45d de Threoir 2014/59/AE.

2. De mhaolú ar mhír 1, measfar nach mainneoidh institiúid an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh chun críocha Airteagal 141 i gcás ina gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann an institiúid an ceanglas maoláin chomhcheangailte a shainmhínítear in Airteagal 128(6) agus gach ceann de na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1;

(b) tá an mhainneachtain maidir leis na ceanglais a chomhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 i ngeall le neamhábaltacht na hinstitiúide, agus i ngeall leis sin amháin, na dliteanais a ionadú nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta ná aibíochta a thuilleadh a leagtar síos in Airteagal 72b agus in Airteagal 72c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) ní mhaireann an mhainneachtain maidir leis na ceanglais a chomhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 níos faide ná 6 mhí.".

(33) In Airteagal 145, cuirtear an mhír (j) agus an mhír (k) seo a leanas leis:

"(j) Airteagal 2(5a) agus Airteagal 2(5b) a fhorlíonadh tríd an méid seo a leanas a bhunú, ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil di

(i) cé acu a chomhlíonann institiúidí nó catagóirí d'institiúidí na coinníollacha a leagtar amach sna hAirteagail sin nó nach gcomhlíonann; nó

(ii) cé acu a scoir institiúidí nó catagóirí d'institiúidí de na coinníollacha a leagtar amach sna hAirteagail sin a chomhlíonadh nó nár scoir;

leasuithe ar an liosta a leagtar amach in Airteagal 2(5).

(i) institiúidí nó catagóirí d'institiúidí a scriosadh i gcás ina scoirfidh an institiúid ábhartha nó catagóirí d'institiúidí ábhartha de bheith ann;

(ii) na hathruithe is gá a dhéanamh i gcás inar athraíodh ainm na hinstitiúide nó catagóir na hinstitiúide.".

(34) in Airteagal 146, scriostar pointe (a);

(35) In Airteagal 161, cuirtear isteach an mhír 10 seo a leanas:

"10. Faoin 31 Nollaig 2023, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil a chur i dtoll a chéile ar chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm na gcumhachtaí maoirseachta dá dtagraítear i bpointe (j) agus (l) d'Airteagal 104(1) agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ".

*Airteagal 2*
*Trasuí*

"1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialúcháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoi cheann [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [ bliain amháin + 1 lá tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Mar sin féin, beidh feidhm ag na forálacha is gá chun na leasuithe a chomhlíonadh a leagtar amach i bpointe (13) agus i bpointe (18) d'Airteagal 1 ina bhfuil leasuithe ar Airteagal 84 agus Airteagal 98 de Threoir 2013/36/AE faoi cheann [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*
*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*